Leanann CIT de bheith ag obair in éineacht le FÁS faoin gclár "céim amháin suas", a bhfuil mar aidhm aige oiliúint ábhartha teastasaithe a thabhairt dóibh siúd atá san ionad oibre. Fóirdheonaíonn FÁS na cúrsaí seo de idir 20% agus 70% agus faigheann thart ar 20% de na cláir thráthnóna de chuid CIT fóirdheontas ar an gcaoi sin.

Ciste Straitéiseach Nuálaíochta

Faoi Thimthriall 1 den Chiste Straitéiseach Nuálaíochta (SIF) bhí an Institiúid chun tosaigh in iarracht rathúil faoin teideal "Oideachas san Fhostaíocht". Tá an tionscadal dírithe orthu siúd atá san ionad oibre cheana féin de bhrí go mbeidh 80% den lucht saothair reatha fós san ionad oibre i gceann 20 bliain. Cuimsíonn an cuibhreannas a bhfuil CIT i gceannas air, ocht gcinn d'Institiúidí eile agus buiséad iomlán aige de €5.2m don tionscadal trí bliana. Tá roinnt snáitheanna sa tionscadal:

- Foghlaim obair-bhunaithe
- Aitheantas d'Fhoghlaim Roimh Ré
- Bealaí Dul Chun Cinn do Lucht Ceirde
- Oideachas agus Oiliúint do Neamh-Náisiúnaigh atá sa láthair oibre

Chomh maith leis an tionscadal faoi threoir CIT, tá an Institiúid bainteach freisin leis na tionscadail seo a leanas a maoiníodh faoi Thimthriall 1 den chlár:

- Tionscadal Earnálach: Líonra Foghlama Earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta: Athrú Córasach á Sheachadadh
- Acadamh Náisiúnta le haghaidh Chomhtháthú Taighde agus Teagaisc agus Foghlama san Ardoideachas á threorú ag COC
- Córas Digiteach Faisnéise Oideachais á threorú ag OL
- Diplóma Céime i dTaighde á threorú ag Sligeach

4.2 Gníomhaíochtaí Taighde

Taighde Maoinithe go Seachtrach

ÚAO – Timthriall 4 PRTLÍ

Tugadh €18.4 milliún don Institiúid faoin gclár maoinithe. Is é an miondealú idir an maoiniú caipitil agus an maoiniú athfhillteach ná €8.9 milliún agus €9.5 milliún faoi seach. Cuirfidh an maoiniú caipitil ar chumas CIT a céad fhoirgneamh tiomnaithe taighde a thógáil agus cóiríocht a chur ar fáil do chuid mhaith gníomhaíochtaí taighde i réimse na hinnealtóireachta leictreonaice. Is iad na trí réimse atá maoinithe:

1. Córais Líonraithe Leabaithe
2. Athrú Aeráide agus Tionchar Comhshaoil
3. Nanaitheicneolaíocht agus Nanafótóinic

Enterprise Ireland

- **Clár Feabhsúcháin Taighde Fheidhmigh (ARE)**
D'oscail an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin Uas., T.D., céad ionad ARE na hInstitiúide – Teicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC) i mí na Samhna 2006. Chuir Enterprise Ireland an croímhaoiniú de €1.25 milliún ar fáil chun an t-ionad a chur ar bun. Is é an fócas a bheidh ag an ionad ná taighde feidhmeach a dhéanamh ar son cuideachtaí ábhartha sa réigiún.
- **Clár Cruthúnais Choincheapa**
Faomhadh roinnt tionscadal ag a raibh maoiniú de thart ar €90,000 faoin scéim seo:
 - Bíogdhealbhoir Oiriúnaitheachta Ultra-Leathanbhanda (Innealtóireacht Leictreonaice)
 - Teicneolaíocht Eagair Starrmhaide le haghaidh Tástála Pointe Cúraim (Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíochta)
- **Clár Taighde Tionscal-Stiúrtha**
D'éirigh le hiarratas CIT an WISEN Industry Led Programme a threorú agus COC mar chomhoibrítheoir. Ba é luach iomlán an mhaoinithe ná €400,000.

Meabhrán Tuisceana le hInstitiúid Náisiúnta Tyndall

Shínigh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Meabhrán Tuisceana le hInstitiúid Náisiúnta Tyndall i mí na Samhna 2006. Éascaíonn an MT comhoibriú taighde agus oiliúna idir CIT agus Tyndall. Comhaontaíodh doiciméad freisin a leagann amach an Creat Deontais agus Riaracháin do thaighdeoirí a bheidh ag obair ar chomhthionscadail a bheidh maoinithe go seachtrach.

4.3 Naisc Fhorbartha Sheachtracha

Forbairt Sheachtrach

Le linn na bliana lean an Institiúid de naisc a chothú agus a chur chun cinn le heagraíochtaí agus institiúidí seachtracha go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Orthu sin bhí:

- IDA
- FÁS
- Enterprise Ireland
- Bord Fiontar Chathair Chorcaí
- Bord Fiontar Chorcaí Theas
- Bord Fiontar Chorcaí Thuaidh
- CorkBIC
- Cumann Tráchtála Chorcaí

An Coláiste Náisiúnta Mara (NMCI)

Thug an Rí Harald agus an Bhanríon Sonya ón Iorua cuairt ar an NMCI mar chuid dá gcúirt stáit ar Éirinn i Meán Fómhair 2006. Síniú Meabhrán Tuisceana (MT) idir an NMCI agus Institiúid Mara Vestfold san Iorua a chuimsíonn malartuithe mac léinn agus foirne agus forbairt curaclaim. Bhí an tAire Mara agus Cumarsáide i láthair freisin.

Toscaireacht Shanghai

Thug toscaireacht ó Shanghai cuairt ar CIT agus Comhairle Chathair Chorcaí á dtionlacan. Ba chuid é sin de na gníomhaíochtaí leanúnacha comhoibrítheacha idir an dá chathair. Bhí suim ar leith ag an toscaireacht i naisc CIT le tionscal agus gníomhaíocht thráchtálaithe.

Clár Malartaithe Socrates/Erasmus

Le linn 2006/2007 lean na gníomhaíochtaí faoin gclár Socrates/Erasmus de bheith ag forbairt. Bronnadh Cairt Ollscoile Socrates/Erasmus ar Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don tréimhse 2003-2007 a chuir ar chumas na hInstitiúide cur isteach ar mhaoiniú soghluaisteachta chun malartuithe mac léinn agus foirne acadúla a airgeadú ar bhonn bliantúil.

Ghlac 23 mac léinn san iomlán amach agus 120 mac léinn isteach páirt sa chlár Malartaithe Erasmus. Tugadh ceithre chuairt déag teagaisc acadúil Erasmus freisin.

Is iad seo a leanas na ranna a raibh baint acu leis an gclár malartaithe le linn na bliana Acadúla:

- Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
- Eolaíochtaí Bitheolaíoch
- Staidéar Gnó
- Innealtóireacht Cheimiceach & Próiseas
- Ceimic
- Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil
- Foirgníocht & Ailtireacht
- Ríomhaireacht
- Innealtóireacht Leictreonaice
- Innealtóireacht Mheicniúil
- Staidéar Sóisialta & Ginearálta
- Ealaín & Dearadh
- Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- Ceol
- Meáin Chumarsáide
- Ailtireacht Intí

Tharla malartuithe le hinstiúidí comhpháirtíochta sna tíortha seo a leanas: An Ostair, An Fhrainc, An Fhionlainn, An Ghearmáin, An Ísiltír, An Spáinn, An Bheilg, An Pholainn, An RA, Poblacht na Seice, An Íoslainn, An Ungáir, An Ghréig agus An Rómáin.

Meastar go leanfaidh na comhpháirtíochtaí seo de bheith ag fás agus ag forbairt sa toadhcháil.

Clár Leonardo da Vinci

Faoin gclár socrúcháin Leonardo da Vinci, rinne aon mhac léinn déag ó Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí ó na ranna Eolaíochtaí Bitheolaíochta agus Innealtóireachta Leictreonaice oiliúint socrúcháin san Fhionlainn, sa Ghearmáin agus san Fhrainc in earrach na bliana 2007.

Scoláireacht Síochána George J. Mitchell

Lean CIT dá rannpháirtíocht sa chlár scoláireachta malartaithe seo, a bunaíodh le comóradh a dhéanamh ar Chomhaontú Aoine an Cheasta. Tháinig beirt mhac léinn ó Maine ar feadh seimeastair an duine agus chaith mac léinn amháin de chuid CIT bliain acadúil iomlán ag an Southern Maine Community College.

4.4 Forbairt Campais

Ionad Acmhainní Foghlama (Síneadh Leabharlainne)

Chuir an Stiúrthóir grúpa ar bun le sainfhreagrachtaí as doiciméadú a ullmhú agus tascanna eile a bhaineann le pleanáil na forbartha sin. Lóisteáladh iarratas pleanála imlíne na forbartha agus rinneadh oibreacha imscrúdaithe láithreáin a choimisiúnú.

Foirgneamh Turasóireachta & Fáilteachais

Cuireadh i gcrích feistiú na gcistineacha oiliúna, na bialainne oiliúna, an bheáir oiliúna agus na saoráidí teagaisc eile, agus aistríodh gach gníomhaíocht teagaisc laistigh den Roinn Staidéar Turasóireachta agus Fáilteachais go dtí foirgneamh nua Turasóireachta & Fáilteachais.

Ionad Mac Léinn & Ionad Riaracháin

Tharla díospóid leis an gConraitheoir maidir le moilleanna, cur isteach, athruithe agus íocaíochtaí breise agus agraíodh idir-réiteach (de réir Chlásal 37 (a) Forlíonadh C de Choinníollacha Fhoirm Chonartha GDLA) le comhaontú an chonraitheora, agus ceapadh eadránaí

Ionad na Mac Léinn

Cuireadh críoch le dearadh beáir agus ullmhaíodh agus eisíodh doiciméid tairisceana. Feistíodh an mionmhargadh agus ullmhaíodh é le haghaidh trádála. Feistíodh saoráid raidió campais le haghaidh craoltóireachta inmheánaí. Comhaontaíodh téarmaí le soláthraí seirbhíse chun bistro a oibriú. Aistríodh Aontas na Mac Léinn go dtí Ionad na Mac Léinn, cuireadh seomra caidrimh na mac léinn in úsáid, agus aistríodh na feidhmeanna a bhaineann leis an Ionad Leighis, le Gairmeacha & Comhairleoireacht, Clubanna & Cumainn agus leis an Oifig Chóiríochta go dtí Ionad na Mac Léinn.

Máistirphlean Slándála

Shocraigh an Institiúid athbhreithniú slándála a choimisiúnú d'fhonn Máistirphlean Slándála Campais a fhorbairt. Tugadh cuireadh do raon leathan páirtithe leasmhara inmheánacha páirt a ghlacadh i bpróiseas coimhairleach forleathan, a raibh mar thoradh air tuarascáil dheiridh a ndearna Coiste Forbartha an Bhoird Rialaithe athbhreithniú uirthi.

Ceolscoil Chorcaí

Tá tógáil an fhoirgnimh seo de réir cláir i gcónaí agus an bhéim ar bhailchríocha, feistiú agus saintrealamh. Rinne Micheál Martin Uas., T.D., Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta "barrchríoch" an fhoirgnimh i Meán Fómhair 2006.

Forbairt Saoráidí Spóirt

Suiteáladh an díon ar an ardán féachana. Cuireadh Céim 2 – "leabharthacaí" na forbartha – a chuir breis seomraí gléasta ar fáil agus spás le haghaidh sainseirbhísí spóirt - i gcrích freisin.

Suiteáladh ductanna do na trí líne chumhachta lastuas a bhí fágtha agus cuireadh isteach na cáblaí agus ar an gcaoi sin bhíodas in ann na línte lastuas a bhí fágtha a bhaint amach as.

Leanadh den obair a bhain le líonadh, grádú agus leibhéalú na dtailte a bhí fágtha laistiar d'abhainn Curraichín, ar a n-áirítear obair a bhain le forbairt na páirce imeartha deiridh le haghaidh sacair agus forbairt chéim a haon den chosán bogshodair agus forbairt leanúnach na mbóithre rochtana agus na dteorainneacha.

Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford

Lean an Institiúid dá clár oibreacha sláinte agus sábháilteachta ag an gColáiste. Cuimsithe sna hoibreacha sin bhí díonta agus clós a athchóiriú agus córas nua téimh a shuiteáil san annex.

Bonneagar TF

San áireamh sa tionscadal athchóirithe seo, ar leanadh de in 2006/2007, bhí bonneagar TF sa Sean-Phríomhfhoirgneamh a athchóiriú ar a n-áirítear na hoibreacha seo a leanas:

- 1) dhá cheann déag de chlóiséid chumarsáide a fheistiú amach le freastal ar an dá cheann déag de chriosanna cáblaithe
- 2) córas coinneála cáblaí a shuiteáil
- 3) an líonra TF a uasghrádú go dtí teicneolaíocht gigibhirt
- 4) an cáblú TF a uasghrádú go dtí caighdeán reatha soláthar leictreachais a chur ar fáil do gach clóiséad ó chlár dáilte aonair (chun ligean do gach clóiséad a bheith cumhachtaithe ó ghineadóir i gcás go dteipfeadh ar an leictreachas)

Cuireadh suiteáil líonra nua snáithín do gach clóiséad i gcrích, chomh maith le suiteáil líonra nua iomlán cáblaí gutha. Maidir le líonra ríomhaire agus cáblú, cuireadh críoch le cúig chrios den dá cheann déag.

Rinneadh na painéil phaiste ghutha inmheánacha agus seachtracha a athshuíomh. Lig an bonneagar nua do gach fón nua inmheánach an bonneagar nua cáblaí a úsáid.

Duais Eorpach an Royal Institute of British Architects (RIBA)

Ghnóthaigh forbairt an Champais Thuaidh de chuid CIT ag Campas Bhaile an Easpaig an t-aitheantas ardghradamach idirnáisiúnta nuair a fuarthas duais ón Royal Institute of British Architects. Tugann na Duaiseanna Eorpacha de chuid RIBA aitheantas don dearscnaitheacht ag baill RIBA san Aontas Eorpach lasmuigh den RA agus bhí forbairt an Champais Thuaidh de chuid CIT ar cheann de thrí cinn déag de thionscadail Eorpacha RIBA in 2007. Fógraíodh, bronnadh agus taispeánadh na duaiseanna ag dinnéar Duaiseanna Náisiúnta agus Idirnáisiúnta RIBA ar 22 Meitheamh 2007 i Londain. Rinne an Stiúrthóir ionadaíocht do CIT ag an imeacht.

4.5 Bainistíocht Sábháilteachta & Saoráidí

Gnáthaimh Aslonnaithe

Dréachtaíodh gnáthaimh aslonnaithe agus d'fhaomh an Coiste Sábháilteachta é. Cuireadh druileanna aslonnaithe Champas Bhaile an Easpaig i gcrích agus cuireadh suas fógraí uasdátaithe ar fud an champais. Rinneadh na Fuaimnitheoirí Dóiteáin i gcodanna de B-Bhloc agus C-Bhloc a uasghrádú. Ceannaíodh agus suiteáladh cathaoireacha aslonnaithe le cabhrú leis an bhFoireann Phráinnfhreagartha daoine a aslonnú a bheadh i ngá le cabhair chun an foirgneamh a fhágáil i gcás éigeandála.

Tuairiscí Timpiste/Teagmhais

D'fhaomh an Coiste Sábháilteachta Foirmeacha Achoimre Míosúla Timpiste/Teagmhais agus foilsíodh iad san Fhilleán Sláinte & Sábháilteachta ar Inlín na Foirne.

Traenáil Sábháilteachta na Foirne

Rinne deichniúr traenáil i nGarchabhair i nDheireadh Fómhair. Cháiligh triúr tiománaithe don Cheadúnas RTITB don Ghabhaltrucail Ardaithe. Thug ceathrar ball nua a gcuid seirbhísí go deonach don fhoireann phráinnfhreagartha. Rinne 32 ball foirne ar fad traenáil mar Mhaoir Dóiteáin. Rinneadh ochtar ball den Fhoireann Phráinnfhreagartha a dtraenáil in Oiliúint Ardaithe Éigeandála. Thug 24 ball foirne (iad uile oilte i ngarchabhair) faoin Teastasú Dífhibrileora le linn na bliana. Rinne ball foirne de chuid na hOifige Foirgníochta & Eastát traenáil ar an reachtaíocht nua Sláinte & Sábháilteachta agus ar rialacháin tógála.

Ráiteas Sábháilteachta CIT

D'fhaomh an Coiste Sábháilteachta Ráiteas Sábháilteachta aonair a thabhairt isteach do CIT agus gach roinn ag cur a fillteán Measúnaithe Riosca féin leis an Ráiteas Sábháilteachta coiteann. Tugadh isteach córas 'Ceadúnas Sábháilteachta Oibre' (i gcomhlíonadh ar an Acht Sábháilteachta, Sláinte & Leasa ag Obair).

Measúnuithe Guaise agus Riosca

Rinneadh Measúnuithe Riosca ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI). Tugadh faoi mheasúnuithe guaise agus riosca ag Campas Bhaile an Easpaig freisin agus meastar go mbeidh siad curtha i gcrích i bhFómhar na bliana 2007.

acmhainní daonna

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna

5.2 Líon na Foirne

5.3 Éachtaí na Foirne

5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna

Líon na Foirne

Le linn 2006/07 tháinig laghdú ar Líon iomlán Fhoireann na hInstitiúide ó 1517.5 go 1476 ball foirne arbh ionann é sin agus 972.44 Cóibhéiseach Lánaimseartha. Ba í an chatagóir foirne ba mhó ná Foireann Acadúil arbh ionann í sin agus 74% den Líon iomlán (67% de CLA).

Tá sonraí breise maidir le Líon na Foirne le fáil sa chéad rannóg eile den tuarascáil.

Daoine Imithe ar Scor


Chuaigh na baill foirne seo a leanas ar scor i rith na bliana:

Myles J. Brady, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla
 Kay Condon, Cúntóir Leabharlainne, Campas Bhaile an Easpaig
 Michael Daly, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleigheis & Saoráidí
 Denis Falvey, Léachtóir, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
 Annette Hannigan, Léachtóir Cúnta Páirtaimseartha Pro-Rata, An Roinn Bainistíochta & Margaíochta
 John Hurley, Léachtóir, Roinn na hInnealtóireachta Leictirí
 Patricia Kennefick O'Connell, Léachtóir, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta
 Martin Lane, Freastalaí, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford
 Ann Lee, Oifigeach Cúnta Foirne, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta
 Deirdre Lordan, Teicneoir, Roinn Eolaíochtaí Bitheolaíochta
 Martin P. Mannion, Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
 Eleanor McCarthy, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí
 Elizabeth O'Brien, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí
 Leonard O'Connor, Éascaitheoir Printíseachta, Oifig an Stiúrthóra
 John A. O'Doherty, Léachtóir Sinsearach 1 (Múinteoireacht), Roinn na Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta
 Nuala O'Sullivan, Maor Glantacháin, Foirgnimh & Eastáit
 John Pearson, Léachtóir, Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais
 An Dr Andrew Petersen, Ceann na Roinne Eolaíochtaí Bitheolaíochta
 Daniel Sheehan, Teicneoir, Roinn Eolaíochtaí Bitheolaíochta
 Geoff Steiner-Scott, Príomhaí, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford
 An Dr John Twomey, Léachtóir, Roinn Ríomhaireachta
 Declan Tyner, Léachtóir, Roinn Foirgníochta & Ailtireachta
 An Dr Stuart White, Ceann, Roinn Mínealaíne & Dearaidh Cheirmigh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford
 Denis Wright, Léachtóir, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford
 Mary Wrixon, Léachtóir, Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais

5.2 Líon na Foirne


Líon Iomlán na Foirne

	Fireann	Baineann	Iomlán
Buan	480.80	279.84	760.64
Sealadach CLA	100.62	111.18	211.80
	581.43	391.02	972.44



Foireann de réir Catagóire

	Fireann	Baineann	Iomlán
Bainistíocht	8.00	2.00	10.00
Acadúil	441.69	207.38	649.07
Riarachán	17.57	114.25	131.82
Tacaíocht	114.17	67.38	181.55
	581.43	391.01	972.44



5.3 Éachtaí na Foirne

Rinneadh comhghairdeas leo seo a leanas:

- Ann Wilson Uas. comhúdar an leabhair dar teideal *The Cathedral of Saint Fin Barre at Cork, William Burges in Ireland* atá foilsithe
- Trevor Hogan Uas. agus J. J. O'Driscoll Uas., léachtóirí ar an BA in Ilmheán sa Roinn Meán Cumarsáide, ar éirigh leo sa tástáil TT3 le Apple a rinne díobh beirt Oiliúnóirí Údaraithe Apple agus den Roinn Ilmheán Cumarsáide de chuid CIT Ionad Faofa Oiliúna Apple
- Colm Gibson Uas. ón Ionad Glanteicneolaíochta a d'fhill le déanaí ó Mongolia áit a ndearna sé comhláithreoireacht ar chúrsa oiliúna mar chuid den Eco-profit for Mongolia Project. Baineann an Tionscadal le hionad táirgeachta níos glaine a bhunú in Ulan Bator
- Bhailigh Grúpa de 21 Ball Foirne agus Neach Léinn níos mó ná €4,000 ar son an Marymount Hospice. Chun an t-airgead a bhailiú rinne an grúpa an tsiúlóid Santiago de Compostela
- Foilsíodh dhá leabhar leis an Dr Margaret Linehan, Léachtóir i Roinn an Oideachais Leantaigh, *Make that Grade: Management* arb é an dara heagrán den téacsleabhar é a bhfuil an-tóir air, agus *Make that Grade: Marketing* a bhfuil Thèrese Cadogan ina comhúdar air, atá uasdátaithe agus athscríofa agus ina thríú eagrán anois
- Bhí Gerry Kelly, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí, ina aoi leis an London Irish Sinfonia agus chuir Evelyn Grant, Léachtóir, Ceolscoil Chorcaí Ceolchoirm i láthair ar Lá Fhéile Pádraig ag Cearnóg Trafalgar i Londain.
- An Dr David Flannery ar foilsíodh leabhar leis *The Square Root of Two* i mbliana
- Baill foirne ar bronnadh céimeanna orthu:
 - o Liam Carroll, BSc i gCórais Chumhachta Leictrí
 - o Glynis Dennehy, BA i mBainistíocht Acmhainní Daonna
 - o John Dynan, MA i Ríomhaireacht in Oideachas
 - o Gerard Geaney, BSc i gCórais Chumhachta Leictrí
 - o John Gibson, MA i gCumadóireacht Cheoil
 - o Carol O'Connor, MA i mBainistíocht in Oideachas
 - o Declan O'Connor, PhD in Eacnamaíocht Déiríochta

Ceapacháin Nua

Deimhníodh na baill foirne a leanas le haghaidh ceapacháin le linn na bliana acadúla 2006/07:

- Gillian Carey, Léachtóir Cúnta, Roinn Foirgníochta & Ailtireachta
- An Captaen John Clarence, Ceann Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- Ruth Coughlan, Oifigeach Foirne, Oifig Forbartha
- Glynis Dennehy, Oifigeach Alumni & Tionscadal Speisialta, Oifig Forbartha
- Declan Fallon, Léachtóir, Roinn Foirgníochta & Ailtireachta
- Thomas Griffin, Teicneoir, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
- An Dr James Harrison, Léachtóir, Roinn Foirgníochta & Ailtireachta
- Michael Healy, Léachtóir, Roinn Eolaíochtaí Bitheolaíochta
- Christine Hosford, Oifigeach Sinsearach Foirne, Oifig an Chláraitheora
- An Dr Guillaume Huyet, Léachtóir Sinsearach 1(T), Roinn na Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta
- Ann Maria Keaveney, Léachtóir Cúnta, Roinn Eolaíochtaí Bitheolaíochta
- Elaine McEniry, Oifigeach Foirne Cúnta, Oifig Airgeadais
- An Dr Hugh McGlynn, Ceann na Roinne Eolaíochtaí Bitheolaíochta
- Silivia Mangerova, Oifigeach Foirne Cúnta, Oifig Airgeadais
- Annemarie Maher, Oifig na nGairmeacha, Seirbhísí Mac Léinn
- Mary Moloney, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
- Desmond Walsh, Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil

tuarascáil airgeadais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

6.1 Tuarascáil Airgeadais

6.2 Cuntais Iniúchta 2006/2007

6.1 Tuarascáil Airgeadais

Tá an Institiúid á rialú ag Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 a sholáthair d'aistriú na sócmhainní agus na dliteanais uile a bhaineann leis an gcoláiste ón CGO go dtí an coláiste. Rinneadh Comhlacht Reachtúil den Institiúid le héifeacht ó 1 Eanáir 1993.

Tháinig an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 i bhfeidhm le linn na tréimhse agus i measc athruithe eile, sholáthair d'aistriú na freagrachta as maoiniú don Institiúid ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta go dtí an tÚdarás um Ard-Oideachas. Tháinig sé sin i bhfeidhm i bhFeabhra 2007.

Torthaí

Ba é an toradh don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2007 ná barrachas oibriúcháin de €2.75m, ar aistríodh €2.29m de isteach sa Chúlchiste Srianta agus san Iontaobhas Saoráidí Spóirt.

Tá barrachas carntha ag deireadh na bliana de €842,000.

Caiteachas Caipitil

Ba é an Caiteachas Caipitil don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2007 ná €11.64m, ar caitheadh thart ar 80% de ar Thalamh & Foirgnimh, agus caitheadh an fuíoll ar Throscán & Trealamh den chuid is mó.

Rinneadh foirgnimh nua agus roinnt oibreacha bonneagair dar luach €45.63 a aicmíodh mar "Shócmhainní i mBun Tógála" le linn 2005/06 a athaicmiú mar Thalamh & Foirgnimh sa tréimhse.

Caiteachas Reatha

Ba é caiteachas reatha iomlán na hInstitiúide don bhliain ná €84.26m arbh méadú beag de 1.4% ar an mbliain roimhe sin é.

Is ionann bille pá na hInstitiúide agus €61.78m agus sheas sé sin do 73% den chaiteachas iomlán le linn na tréimhse.

Taighde & Forbairt

Tá méadú ag teacht go mear i gcónaí ar an ioncam sa réimse Gníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Féinmhaoinithe agus tharla méadú de €2.15m air sa tréimhse, rud a sheasann d'fhás de 39%. Is é an t-ioncam sa réimse sin anois ná €7.64m agus meastar go dtiocfaidh tuilleadh fáis air sin le linn 2007/08.

6.2 *Cuntais Iniúchta*

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Tuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Cuntas Ioncaim & Caiteachais

Clár Comhardaithe

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

6.2.1 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Freagracht as an gCóras Inmheánach Rialaithe Airgeadais

Admhaíonn an Bord Rialaithe freagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais. Is é atá sa chóras inmheánach rialaithe airgeadais ná na próisis sin a úsáidtear chun na rioscaí suntasacha atá roimh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mbainistiú a cuid gnóthaí a shainaithint agus a mheasúnú. Tá an córas ceaptha chun rioscaí a bhainistiú seachas iad a dhíothú, agus é á aithint nach féidir ach ráthaíocht réasúnta agus ní glanrathaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá cúram á dheanamh ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú, ar a n-áirítear

- Tá na gnáthaimh agus na rialacháin airgeadais doiciméadaithe go dáta, curtha i ngníomh agus cothrom le dáta.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe ar thuiriscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla, ar a n-áirítear feidhmiú airgeadais curtha i gcomórtas le réamhaisnéisí.
- Treoirínte rialaithe infheistíochta atá sonraithe go soiléir.
- Tá coiste iniúcháireachta ann, ag a bhfuil cairt shonraithe iniúcháireachta, le téarmaí tagartha soiléire, a bhíonn ag plé le saincheistanna suntasacha rialaithe agus a fhaigheann tuairiscí ó na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha.
- Tá rioscaí gnó sainaithinte ag an mBord Rialaithe agus déantar iad a athbhreithniú ar bhonn leanúnach.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánaigh atá foinsithe allamuigh ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, a oibríonn de réir Chreachód an Scothchleachtais mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Tá forbairt déanta ar straitéis iniúcháireachta inmheánaí do 2006-2008 atá bunaithe ar mheasúnú rioscaí. Tá an straitéis iniúcháireachta faofa ag an gCoiste Iniúcháireachta Inmheánaí agus ag an mBord Rialaithe.

Buaileann an Coiste Iniúcháireachta leis na hIniúcháirí Inmheánacha ar bhonn rialta chun an obair san Iniúcháireacht Inmheánach a athbhreithniú, ar a n-áirítear tuairisc ar ghníomhaíocht na hiniúcháireachta inmheánaí. Cuimsíonn an Creachód do Scothchleachtas 13 príomhghníomhaíocht airgeadais agus sainaithníonn sé seiceálacha nach mór a dhéanamh chun éifeachtacht na timpeallachta rialaithe inmheánaigh airgeadais a mheasúnú.


Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird Rialaithe ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais ag brath ar obair Cheannasaí na hIniúcháireachta Inmheánaí, ar an gCoiste Iniúcháireachta a dhéanann maoirseacht ar obair na hIniúcháireachta Inmheánaí, ar an Stiúrthóir, ar na Feidhmeannaigh agus na Bainisteoirí Institiúide laistigh d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreachóid rialaithe airgeadais, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe nó ar thuiriscí eile.

Deimhnímid go ndearna an Bord Rialaithe athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais.

Sínte ar son an Bhoird Rialaithe



An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach




An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.2 Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide


Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006, ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Aire Oideachais agus Eolaíochta le comhaontú an Aire Airgeadais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid

- Polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna
- Ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach
- Aon athrú tábhachtach ar chaighdeán chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasaíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a thabhairt chun solais.



An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach



An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.3 Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá ráitis airgeadais Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2007 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara.

Freagrachtaí na hInstitiúide agus an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste faoi seach

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú. Ullmhaíonn an Institiúid na ráitis airgeadais de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tá freagrachtaí cuntasaíochta Chomhaltaí an Chomhlachta Ceannais leagtha amach sa Ráiteas um Fhreagrachtaí na hInstitiúide.

Is é mo fhreagrachta ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir cheanglas ábhartha dlí agus rialúcháin agus Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscím mo thuairim maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn. Tuairiscím freisin cibé, dar liom, an raibh leabhair chuí coinnte. Lena chois sin, deirim cibé an dtugann na ráitis airgeadais leis na leabhair chuntais.

Tuairiscím ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta.

Scrúdaím an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais le féachaint an léirítear ann gur chomhlíon an Institiúid dréacht-treoir infheidhmithe maidir le rialachas corparáideach arna eisiúint ag An Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus tuairiscím ar aon chás ábhartha nach ndéanann sé amhlaidh, nó más rud é go bhfuil an ráiteas míthreorach nó nach dtugann sé le faisnéis eile atá ar eolas agam de bharr na ráitis airgeadais a bheith iniúchta agam. Ní cheanglaítear orm a bhreithniú cibé an gclúdaíonn an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais gach príacal agus rialú airgeadais, ná teacht ar thuairim maidir le héifeachtacht na nósanna imeachta maidir le príacal agus rialú.

An Bunús le mo Thuairim

I mbun m'fheidhme mar Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste, rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (Ríocht Aontaithe agus Éire) arna eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta agus trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus le hoibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniúchán substaintiúil ón Stát. Déantar scrúdú mar chuid den iniúchadh, ar bhonn tástála, ar fhianaise a bhaineann le suimeanna agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais a chuirtear san áireamh sna ráitis airgeadais, agus leis na hidirbhearta a fhoilsítear iontu. Chomh maith leis sin, cuimsíonn an t-iniúchadh measúnacht ar na meastacháin agus ar na breitheanna suntasacha a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus measúnacht le féachaint an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

Phleanáil mé agus rinne mé m'iniúchadh sa chaoi is go bhfaighinn an fhaisnéis agus na mínte ar fad a mheas mé a bheith riachtanach ionas go mbeadh leordhóthain fianaise agam a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht eile nó earráid is cúis leis sin. I dteacht ar mo thuairim dom, rinne mé meastóireacht ar a shásúla is a cuireadh faisnéis i láthair sna ráitis airgeadais san iomlán freisin.

Tuairim

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíorcheart, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar Leis go Coitianta in Éirinn, ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Lúnasa 2007 agus ar a hioncam agus ar a caiteachas don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnte ag an Institiúid. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

John Buckley
Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

13 Deireadh Fómhair 2008

6.2.4 Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Nóta Tosaigh

Bunaíodh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí in 1974 agus go dtí 31 Nollaig 1992 d'fheidhmigh sí faoi rialú Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí (CGO) de réir fhorálacha na nAchtanna Gairmoideachais. Tar éis achtú Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, rinneadh comhlacht reachtúil den Choláiste le héifeacht ó 1 Eanáir 1993. Sholáthair an tAcht d'aistriú ón CGO go dtí an Institiúid na sócmhainní agus na dliteanais ar fad a bhain leis an Institiúid. Athraíodh an t-ainm Colaiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí go Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí le hordú an Aire Oideachais agus Eolaíochta ar 18 Nollaig 1997.

Faoin Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a tháinig i bhfeidhm ar 1 Feabhra 2007 aistríodh feidhmeanna áirithe a bhíodh á bhfeidhmiú roimhe sin ag an Aire Oideachais agus Eolaíochta go dtí an tÚdarás um Ard-Oideachas. Anois cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas cistiú ar fáil a bhíodh á chur ar fáil roimhe sin ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

1. Bunús na Cuntasaíochta

Cuimsíonn na Ráitis Airgeadais seo an bhliain dar críoch 1 Meán Fómhair 2006 go 31 Lúnasa 2007.

2. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glactha leo go coitianta faoi choinbhinsiún an costais stairiúil (cés moite de shócmhainní áirithe atá cuimsithe ag a luacháil) agus le ceanglais an Aire Oideachais agus Eolaíochta.

3. Deontais Stáit

Leithdháileann an tÚdarás um Ard-Oideachas deontais stáit do chaiteachas athfhillteach ar bhonn na bliana féilire. Na deontais a bhfuil tuairisc orthu sa Chuntas loncaim agus Caiteachais is iad na méideanna iad a chinn an tÚdarás um Ard-Oideachas a bheith oiriúnach don bhliain acadúil ábhartha, mar a bhí ar an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais.

Tugann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta deontais stáit i leith mionoibreacha caipitil ar bhonn bliana féilire. An deontas a bhfuil tuairisc air sa Chuntas loncaim agus Caiteachais is é an méid é atá oiriúnach don bhliain acadúil ábhartha a cinneadh ar bhonn cionroinnte ama.

Déantar deontais stáit do chaiteachas caipitil (ar a n-áirítear deontais do chríocha athfhillteacha a úsáidtear chun trealamh a cheannach) a chaipitliú agus a chur chun sochair d'ioncam thar saol úsáideach measta na sócmhainní gaolmhara.

4. Deontais Taighde agus Conarthaí

Tá cistí deontais taighde agus conartha cuimsithe in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas neamhchaipitil gaolmhar. Déantar lánsoláthar do chaillteanais intuartha.

Déantar cistí deontais taighde agus conartha a úsáidtear chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach a chaipitliú agus a chur chun sochair d'ioncam thar saol úsáideach measta na sócmhainní gaolmhara.

5. Stoic

Breactar caiteachas ar leabhair agus ar stoic inchaite don Chuntas loncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é.

6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carntha. Luaitear talamh ar a chostas stairiúil nó luacháil.

(a) Costas nó Luacháil

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe a bhí ann ó 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe thosaigh) ar a luacháil. Tá bunús na luachála leagtha amach ag Nóta 15. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

(b) Dímheas

Déantar soláthar do dhímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe (seachas talamh) ar bhonn dronlíne chun a gcostas stairiúil nó a luachálacha a dhíscríobh thar na tréimhsí a meastar iad a bheith inúsáidte.

Is iad na saolta úsáideacha measta atá sannaithe do shócmhainní seasta inláimhsithe mar seo a leanas:

	Blianta
Foirgnimh	30 – 50
Foirgnimh réamhdhéanta, daingneáin, gléasra agus innealra	10
Mór-riomhairí	7
Trealamh eile ríomhaire	4
Trealamh oideachasúil agus riaracháin	5
Troscán	5
Feithiclí Mótair	5
Trealamh a bhaineann go huathúil le tionscadail taighde	Saol an Tionscadail

7. Sócmhainní ar Léas

De réir treoir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta taispeántar costas caipitil shócmhainní a fhaightear faoi léasanna airgeadais sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse inar tógadh an léas. Tá an costas caipitil cuimsithe freisin sna sócmhainní seasta.

8. Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbearta. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe nó de réir na rátaí conartha réamhcheannacháin áit a bhfuil conarthaí dá leithéid.

9. Pinsin

Is faoi scéim shannaithe sochair a thugtar gach teidlíocht pinsin foirne faoi Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980 agus déanann an Stáitchiste freastal ar oibleagáidí pinsin de réir mar a tharlaíonn siad.

Coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais ó fhostaithe.

Ní thugann an Institiúid ranníocaíocht don scéim agus níl aon dualgas uirthi i leith teidlíochtaí.

10. Cuntas Caipitil

Is éard atá sa chuntas caipitil luach neamhamúchta an ioncaim atá cionroinnte do mhaoiniú caipitil.

11. Cúlchiste Srianta

Is éard atá sa Chúlchiste seo ná méideanna atá curtha ar leataobh as Táillí Clárúcháin a íocann mic leinn agus cistí ó thríú páirtithe, i dteannta ús bainc a thuilleann an t-airgead seo, d'fhonn saoráidí Mac Léinn a sholáthar agus ar mhaithe le forbairt fhadtéarmach na hInstitiúide.

12. Iontaobhas Saoráidí Spóirt

Sa bhliain 2002, bhunaigh an Institiúid iontaobhas saoráidí spóirt. Is éard atá sa chúlchiste seo ná méideanna atá curtha ar leataobh as táillí clárúcháin ag mic leinn agus cistí as foinsí eile i dteannta ús báinc a thuilleann an t-airgead seo d'fhonn saoráidí spóirt a sholáthar don Institiúid.

13. Táillí Clárúcháin Mac Léinn

Úsáidtear na táillí chun Áiseanna agus Saoráidí Mac Léinn a mhaoiniú agus, le héifeacht ó Mheán Fómhair 2002, de réir treoir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, baintear úsáid as cuid den táille in aghaidh an mhic léinn (€330) chun caiteachas athfhillteach na hInstitiúide a mhaoiniú. Aistrítear iarmhéideanna fuílleacha ar bith don chúlchiste srianta.

14. Cistiú Tacaíochta Mac Léinn

Faightear cistiú ón Údarás um Ard-Oideachas le haghaidh an Chiste Chabhrach agus Ciste Mhíchumais Mac Léinn. Tugtar cuntas ar na méideanna a fuarthas mar Ioncam Eile agus breactar iad d'ioncam sa bhliain inar tharla an caiteachas gaolmhar.


6.2.5 Cuntas Ioncaim & Caiteachais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2007

IONCAM	NÓTA	2007 €000	2006 €000
Deontas Athfhillteach Stáit	1	51,684	52,046
Scaoilte ón gCuntas Caipitil		5,889	6,200
Táillí Teagaisc	2	12,180	11,241
Taighde, Forbairt agus Féinchistiú	3	7,641	5,492
Ioncam ó Ús	4	184	125
Táillí Clárúcháin Mac Léinn	5	4,435	4,227
Ioncam Eile	6	<u>7,385</u>	<u>4,422</u>
		89,398	83,753
CAITEACHAS			
Ranna Acadúla	7	53,377	51,249
Seirbhísí Tacaíochta Acadúla	8	1,338	1,345
Áitreabh	9	8,446	6,315
Príomhriarachán	10	9,461	10,573
Costais Ghinearálta Oideachasúla	11	474	246
Saoráidí agus Fónais Mhac Léinn	12	1,671	1,673
Taighde, Forbairt agus Féinchistiú	3	7,640	5,493
Dímheas	15	<u>3,817</u>	<u>6,157</u>
	13	86,224	83,051
Barrachas Oibriúcháin		3,174	702
Aistriú go Cúlchiste Srianata		(50)	(92)
Aistriú go Iontaobhas Saoráidí Spóirt		(2,657)	(461)
Aistriú ón gCúlchiste Srianata		-	47
Barrachas Carntha		<u>375</u>	<u>179</u>
Barrachas Carntha ag deireadh na bliana		842	375


Níl gnóthachan ná cailteanas ar bith seachas iad siúd a ndéantar déileáil leo sa chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1-32.

Sínithe ar son an Bhoird Rialaithe



An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach



An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.6 Clár Comhardaithe mar a bhí ar 31 Lúnasa 2007


	NÓTA	2007 €000	2006 €000
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Socmhainní Inláimhsithe	15	<u>103,998</u> <u>103,998</u>	<u>98,246</u> <u>98,246</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe	16	<u>10,600</u>	4,914
Airgead sa bhanc agus ar láimh		<u>5,990</u>	<u>11,458</u>
		<u>16,590</u>	<u>16,372</u>
CREIDIÚNAITHE			
Méideanna dlite laistigh de aon bhliain	17	<u>13,056</u>	<u>13,979</u>
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA			
		<u>3,534</u>	<u>2,393</u>
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA			
		<u>107,532</u>	100,639
Méideanna dlite tar éis níos mó ná aon bhliain		-	-
GLANSÓCMHAINNÍ			
		<u>107,532</u>	<u>100,639</u>
Dá seasann			
CÚLCHISTÍ			
Cuntas Caipitil	18	<u>103,998</u>	98,246
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		<u>842</u>	<u>375</u>
		<u>104,840</u>	98,621
Cúlchiste Srianta	19	<u>341</u>	1,202
Iontaobhas Saoráidí Spóirt	20	<u>2,351</u>	<u>816</u>
		<u>107,532</u>	<u>100,639</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1-32.

Sínithe ar son an Bhoird Rialaithe



An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach




An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.7 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2007


	NÓTA	2007	2006
		€000	€000
Barrachas oibriúcháin á réiteach le sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas Oibriúcháin		3,174	702
Ioncam ó Ús		(184)	(125)
Dímheas		3,817	6,157
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainne		(5,889)	(6,200)
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		2,062	41
(Méadú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe		(5,686)	1,127
(Laghdú)/Méadú ar Chreidiúnaithe gearrthéarmacha		(923)	4,623
(Eis-sreabhadh)/Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(3,629)	6,325
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid			
(Eis-sreabhadh)/Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		(3,629)	6,325
Fáltais ó infheistíochtaí agus ó sheirbhísiú airgeadais			
Ús faighte		184	125
Caiteachas Caipitil			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil		(11,641)	(9,790)
Fáltais ó Dhiúscairt Sócmhainní Seasta		10	2
Eis-sreabhadh glan airgid ar chaiteachas caipitil;		(11,631)	(9,788)
Cistiú			
Deontais Chaipitil Stáit caite ar Shócmhainní Seasta		6,186	3,963
Deontais Athfhillteacha Stáit caite ar Shócmhainní Seasta		2,561	2,449
Cistí eile caite ar Shócmhainní Seasta		861	2,222
		9,608	8,634
(Laghdú)/Méadú ar Airgead		(5,468)	5,296
(Laghdú)/Méadú ar Airgead			
		(5,468)	5,296
Glanchistí ar 31 Lúnasa		11,458	6,162
		5,990	11,458

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1-32.

Sínithe ar son an Bhoird Rialaithe



An Dr Paddy Caffrey
Cathaoirleach



An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.8 Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1. Deontas Stáit

	Cionroinnte do chaiteachas athfillteach	Cionroinnte do chaiteachas caipitil	Iomlán
	€000	€000	€000
Deontas stáit do chaiteachas athfillteach	50,372	2,561	52,933
Deontas stáit do chaiteachas caipitil	1,012	5,685	6,697
Deontas stáit do mhionoibreacha caipitil	300	501	801
	<u>51,684</u>	<u>8,747</u>	<u>60,431</u>

Le héifeacht ó 1 Feabhra 2007, ghlac an tÚdarás um Ard-Oideachas chuige féin freagracht ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta as cistiú do chaiteachas athfillteach. Chomh maith leis siúd thuas, tá méideanna de €247,611 agus €306,407 breactha d'ioncam i dtaca le cistiú Cruatain agus Míchumais ón ÚAO. Tá cuntas ar na méideanna sin faoi loncam eile.

2. Táillí Teagaisc

	2007	2006
	€000	€000
Mic léinn lánaimseartha (6,070 cóibhéisí lánaimseartha)	9,525	8,691
Mic léinn páirtaimseartha (2,237 cóibhéisí lánaimseartha)	2,655	2,550
	<u>12,180</u>	<u>11,241</u>

D'íoc an Roinn Oideachais agus Eolaíochta/ÚAO táillí teagaisc sa bhliain de €3,568m le haghaidh cúrsaí lánaimseartha leibhéal 8 agus €4,863m le haghaidh cúrsaí leibhéal 6 & 7, a bpáirtmhaoiníonn an CSE na costais iomlána díobh.

3. Taighde, Forbairt agus Féinchistiú

Ioncam		
Ioncam	8,263	7,539
Aistriú go Cuntas Caipitil	(622)	(2,047)
	<u>7,641</u>	<u>5,492</u>
Costais an Lucht Foirne		
Teagasc	539	354
Teicniúil	4	3
Riarachán, Feidhmeannach & Rúnaíocht	595	342
Cothabháil Áitribh	58	32
Leabharlann	14	13
Scrúduithe	280	157
Taighde	1,065	936
Pá Seirbhísí Mac Léinn	80	87
Foireann Ghinearálta	164	78
	<u>2,799</u>	<u>2,002</u>

Caiteachas	2007	2006
	€000	€000
Ábhair & Tomhaltáin Eile	372	339
Ábhair Leabharlainne	1	40
Costais Ríomhaire	155	109
Oideachas Ginearálta	1,357	1,046
Seirbhísí do Mhic Léinn	157	6
Costais Taighde	150	(314)
Trealamh	51	128
Costais Áitribh	459	251
Taisteal & Cothú	409	371
Costais Phearsanra	262	169
Táillí Gairmiúla	1,279	982
Cumarsáid	31	175
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	105	140
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	40	37
Costais Airgeadais	6	6
Eile	7	6
	<u>4,841</u>	<u>3,491</u>
Caiteachas Iomlán	<u>7,640</u>	<u>5,493</u>
4. Ioncam ó Ús		
Ioncam ó Thaiscí	184	125
	<u>184</u>	<u>125</u>
5. Táillí Clárúcháin Mhac Léinn		
Clárúchán	4,843	4,720
Ioncam ó Ús	39	7
Ioncam Eile	4	2
	<u>4,886</u>	<u>4,729</u>
Aistriú go Féinchistiú		
Le costais seirbhís clárúcháin mhac léinn a chistiú	(95)	(86)
Le cláir choinnithe mac léinn a chistiú	(70)	(63)
Le costais scrúduithe a chistiú	(189)	(147)
Le costais ilghnéitheacha a chistiú	(60)	(37)
	<u>(414)</u>	<u>(333)</u>
Aistriú go Cuntas Caipitil	(37)	(169)
	<u>4,435</u>	<u>4,227</u>
Táillí Clárúcháin Mhac Léinn Ús agus Ioncam Eile	4,843	4,720
	43	9
	<u>4,886</u>	<u>4,729</u>
Breactha mar:		
Caite ar Shaoráidí & ar Fhóntais Mhac Léinn (nóta 12)	1,671	1,673
Aistriú go Féinchistiú	414	333
Aistriú go Caipiteal (Nóta 18)	37	169
Coinnithe chun caiteachas athfhillteach ginearálta a chistiú	2,158	2,204
Aistriú go Cúlchiste Saoráidí Spóirt	606	350
Aistriú go Cúlchiste Srianta	-	-
	<u>4,886</u>	<u>4,729</u>

Seasann na haistrithe go Féinchistiú do mhéideanna a cionroinneadh do chostais Chlárúcháin, Choinneáil Mac Léinn, Scrúduithe agus costais ilghnéitheacha. Tugtar cuntas orthu sin mar Ioncam faoi Thaighde, Forbairt agus Féinchistiú agus déantar é a mheaitseáil i gcomórtas le caiteachas a thabhaítear. Tugtar cuntas ar iarmhéid nár caitheadh mar ioncam iarchurtha.

6. Ioncam Eile	2007	2006
	€000	€000
Cistiú Cruatain	237	248
Cistiú Míchumais	226	81
Aistriú (go)/ ó Chuntas Caipitil	(52)	(6)
	411	323
Aoisliúntas	4,372	3,450
Ioncam Eile	<u>2,602</u>	<u>649</u>
	<u>7,385</u>	<u>4,422</u>
7. Ranna Acadúla		
<i>Lucht Foirne</i>		
Teagasc	43,245	41,013
Teicniúil	4,056	4,098
Riarachán, Feidhmeannach, Rúnaíocht	1,526	1,448
Foireann Leabharlainne	118	90
Cothabháil Áitribh	992	986
Scrúduithe	17	255
Taighde	6	28
Pá ar Sheirbhísí Mac Léinn	32	28
Foireann Ginearálta	56	102
	<u>50,048</u>	<u>48,048</u>
<i>Ábhar agus Seirbhísí</i>		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	1,430	1,506
Ábhair Leabharlainne	137	155
Costais Ríomhaire	155	138
Oideachas Ginearálta	36	14
Trealamh	79	36
Costais Áitribh	324	328
Taisteal & Cothú	307	243
Costais Phearsanra	221	150
Táillí Gairmiúla	17	30
Cumarsáid	84	53
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	390	403
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	112	112
Costais Airgeadais	11	10
Eile	26	23
	<u>3,329</u>	<u>3,201</u>
Caiteachas Iomlán	<u>53,377</u>	<u>51,249</u>
8. Seirbhísí Tacaíochta Acadúla		
Foireann Leabharlainne	768	744
Ábhair & Tomhaltáin Eile	-	4
Ábhair Leabharlainne	128	76
Costais Ríomhaire	-	6
Costais Áitribh	7	2
Taisteal & Cothú	1	-
Pearsanra	1	-
Cumarsáid	2	-
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	9	26
	<u>916</u>	<u>858</u>

	2007 €000	2006 €000
8. Seirbhísí Ríomhaire		
Teagasc	1	4
Teicniúil	197	185
Riarachán, Feidhmeannach, Rúnaíocht	154	135
Foireann Ghinearálta	-	6
Ábhair & Tomhaltáin Eile	10	20
Costais Ríomhaire	27	107
Costais Áitribh	13	1
Taisteal & Cothú	2	5
Costais Phearsanra	16	11
Táillí Gairmiúla	-	10
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	2	3
	<u>422</u>	<u>487</u>
Caiteachas Iomlán	<u>1,338</u>	<u>1,345</u>
9. Áitreabh		
Lucht Foirne		
Teagasc	118	113
Teicniúil	104	86
Riarachán, Feidhmeannach, Rúnaíocht	248	236
Cothabháil Áitribh	<u>1,206</u>	<u>1,348</u>
	<u>1,676</u>	<u>1,783</u>
Ábhair agus Seirbhísí		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	59	131
Costais Ríomhaire	1	23
Oideachas Ginearálta	-	6
Trealamh	4	31
Costais Áitribh	4,292	4,032
Taisteal & Cothú	3	2
Costais Phearsanra	13	5
Táillí Gairmiúla	198	201
Cumarsáid	127	45
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	11	14
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne Seasta	2,062	41
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	-	1
	<u>6,770</u>	<u>4,532</u>
Caiteachas Iomlán	<u>8,446</u>	<u>6,315</u>
10. Príomhriarachán		
Lucht Foirne		
Teagasc	781	693
Teicniúil	148	(17)
Riarachán, Feidhmeannach, Rúnaíocht	3,682	3,239
Cothabháil Áitribh	-	2
Taighde	5	4
Seirbhísí Mac Léinn	224	207
Foireann Ghinearálta	<u>22</u>	<u>28</u>
	<u>4,862</u>	<u>4,156</u>

	2007 €000	2006 €000
10. Ábhair agus Seirbhísí		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	97	148
Ábhair Leabharlainne	-	45
Costais Ríomhaire	57	237
Seirbhísí Mac Léinn	351	401
Trealamh	33	35
Costais Áitribh	950	908
Taisteal & Cothú	215	253
Costais Phearsanra	671	563
Táillí Gairmiúla	1,130	763
Táille Iniúcháireachta C & AG	28	39
Cumarsáid	202	280
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	317	347
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	161	318
Árachas	368	384
Costais Airgeadais	10	8
Eile	6	5
Líonrú Náisiúnta	<u>3</u>	<u>1,683</u>
	4,599	6,417
Caiteachas Iomlán	<u>9,461</u>	<u>10,573</u>
11. Costais Ghinearálta Oideachasúla		
Lucht Foirne		
Scrúduithe	382	111
Ábhair agus Seirbhísí		
Oideachas Ginearálta	<u>92</u>	<u>135</u>
	474	246
12. Saoráidí agus Fónais Mhac Léinn		
Lucht Foirne		
Teagasc	4	6
Riarachán, Feidhmeannach, Rúnaíocht	105	118
Cothabháil Áitribh	-	11
Seirbhísí Mac Léinn	737	672
Foireann Ghinearálta	<u>45</u>	<u>19</u>
	891	826
Ábhair agus Seirbhísí		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	25	32
Costais Ríomhaire	11	16
Oideachas Ginearálta	-	31
Seirbhísí Mac Léinn	394	294
Costais Áitribh	41	133
Taisteal & Cothú	23	23
Costais Phearsanra	22	19
Táillí Gairmiúla	204	248
Cumarsáid	10	8
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	26	23
Árachas	<u>24</u>	<u>20</u>
	780	847
Caiteachas Iomlán	<u>1,671</u>	<u>1,673</u>

	2007 €000	2006 €000
13. Achoimre ar Chaiteachas		
Pá	61,778	58,000
Neamhphá	20,629	18,894
Dímheas	<u>3,817</u>	<u>6,157</u>
	86,224	83,051

14. Cánachas

Níl gníomhaíocht ar bith de chuid na hInstitiúide, seachas an tIonad Nuálaíochta, faoi réir ag Cánachas Corparáideach faoin Stádas Carthanachta a fuair an Roinn Oideachais in Eanáir 1993.

15. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Iomlán €000	Talamh & Foirgnimh €000	ImBun Tógála €000	Daingneáin & Feistithe €000	Trosacán & Trealamh €000	Feithiclí Mótair €000
Costas nó Luacháil						
Tús na bliana	147,663	74,638	38,370	2,914	31,414	327
Breiseanna	11,641	856	8,434	146	2,205	-
Athaicmiú	-	43,791	(45,629)	1,838	-	-
Diúscairtí	<u>(6,917)</u>	<u>(3,069)</u>	-	<u>(147)</u>	<u>(3,701)</u>	-
Deireadh na bliana	152,387	116,216	1,175	4,751	29,918	327
Dímheas						
Tús na bliana	49,417	21,781	-	1,412	25,985	239
Diúscairtí	(4,845)	(1,016)	-	(108)	(3,721)	-
Muirear don bhliain	<u>3,817</u>	<u>1,297</u>	-	<u>256</u>	<u>2,234</u>	<u>30</u>
Deireadh na bliana	48,389	22,062	-	1,560	24,498	269
Glanluach de Réir na Leabhar						
Tús na bliana	103,998	94,154	1,175	3,191	5,420	58
Deireadh na bliana	<u>94,246</u>	<u>52,857</u>	<u>38,370</u>	<u>1,502</u>	<u>5,429</u>	<u>88</u>

Tá luacháil déanta ag an Oifig Luachála ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh a bhí ann ar 1 Eanáir 1993. Rinne an Institiúid luacháil ar shócmhainní seasta eile a bhí ann ar 1 Eanáir 1993 ar bhonn luach ar an margadh oscailte den úsáid ag an am. Cuimsíonn diúscairtí sa bhliain díscríobhaithe sócmhainní a raibh mar chead chostas orthu €3,801,811.92 a ndearnadh dímheas iomlán orthu.

	2007 €000	2006 €000
16. Féichiúnaithe		
Deontais chothabhála mac léinn TLT (Nóta 21)	-	-
Taighde, Forbairt agus Féinchiú – féichiúnaithe	2,456	2,633
Deontas stáit do chaiteachas athfhillteach	5,991	-
Deontas stáit do chaiteachas caipitil	689	663
Féichiúnaithe eile	1,148	1,233
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	316	385
	<u>10,600</u>	<u>4,914</u>
17. Creidiúnaithe		
Méideanna dlite laistigh d'aon bhliain		
Creidiúnaithe trádála	325	412
Deontas stáit do chaiteachas caipitil – ioncam iarchurtha	-	610
Deontas stáit do chaiteachas athfhillteach – ioncam iarchurtha	2,049	3,102
Taighde, Forbairt agus Féinchiú – ioncam iarchurtha	4,444	4,102
Creidiúnaithe agus Fabhrúithe	6,238	5,753
	<u>13,056</u>	<u>13,979</u>
18. Cuntas Caipitil		
Iarmhéid 1 Meán Fómhair	98,246	94,656
Gluaiseacht le linn na bliana:		
<u>Deontais Chaipitil Infhaighte</u>		
Deontas Caipitil Stáit	5,685	3,379
Cionroinnte ó Dheontas Athfhillteach Stáit	2,561	2,449
Clárúchán	37	169
Taighde, Forbairt agus Féinchiú	622	2,047
Cistiú Míchumais	52	11
Cistiú Cruatain	-	(5)
Eile	651	584
Aistriú ón gCúlchiste Saoráidí Spóirt	1,472	1,065
Aistriú on gCúlchiste Srianta	561	91
	<u>109,887</u>	<u>104,446</u>
<u>Scaoil d'ioncam</u>		
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainní	(3,817)	(6,157)
Méid scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(2,072)	(43)
Iarmhéid ar 31 Lúnasa	<u>103,998</u>	<u>98,246</u>
19. Cúlchiste Srianta		
Iarmhéid 1 Meán Fómhair	1,202	1,248
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	50	92
Aistriú go Caiteachas	-	(47)
Aistriú go hlontaobhas Saoráidí Spóirt	(350)	-
Aistriú go Cuntas Caipitil	(561)	(91)
Iarmhéid 31 Lúnasa	<u>341</u>	<u>1,202</u>

Is éard atá san iarmhéid de €341m ar 31 Lúnasa ná na cistí atá curtha ar leataobh le haghaidh Saoráidí Mac Léinn.

	2007	2006
	€000	€000
20. Iontaobhas Saoráidí Spóirt		
larmhéid 1 Meán Fómhair	816	1,420
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	2,657	461
Aistriú ón gCúlchiste Srianta	350	-
Aistriú go Cuntas Caipitil	(1,472)	(1,065)
larmhéid 31 Lúnasa	<u>2,351</u>	<u>816</u>
21. Deontais Chothabhála Mac Léinn TL		
larmhéid ar 1 Meán Fómhair	-	(988)
Fáltais le linn na bliana	4,109	4,774
Íocaíochtaí le linn na bliana	(4,109)	(3,786)
larmhéid ar 31 Lúnasa	<u>-</u>	<u>-</u>

Tá na méideanna a fhaightear ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta pháirtchistithe ag an CSE.

22. Fostaithe

Ba é meánlíon an lucht foirne a bhí fostaithe ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa ná 1,212 (2006: 1,215).

23. Fochuideachtaí

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, Cork Institute of Technology Property Company Limited, in 2000 i dtaca le roinnt tionscadal foirgníochta de chuid na hInstitiúide. Tá scairchaipiteal eisithe ag an gcuideachta de 12 gnáthscair ar €1.27 an ceann.

Tá scairchaipiteal go léir na cuideachta i seilbh na hInstitiúide.

Tá maoin áirithe ar cíós ag an gcuideachta ón Institiúid ar €31,743 per annum.

Gearrann an chuideachta cíós ar an Institiúid de €33,013 per annum.

Níl torthaí na cuideachta comhdhlúite isteach i ráitis airgeadais na hInstitiúide.

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Innovation Centre Limited, i Lúnasa 2004. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Innovation Centre Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús coinnithe don bhliain de €811 agus bhí glansócmhainní don bhliain de €74,134 ann.

24. Ceaintín agus Siopa na hInstitiúide

Oibríonn cuideachta, CIT Student Services Company Limited, ceaintín agus siopa na hInstitiúide. Déanann iniúchóirí a cheapann an Chuideachta cuntais an cheaintín agus an tsiopa, nach cuid de chuntais na hInstitiúide, a iniúchadh.

Rinneadh an chuideachta a chorprú i mí na Nollag 1994. Roimhe sin bhí an ceaintín agus an siopa á mbainistiú ag Coiste de chuid na hInstitiúide. Ghlac an Chuideachta seilbh ar shócmhainní agus ar dhliteanais an cheaintín agus an tsiopa cés moite de shuim de €142,847 atá curtha ar iontaobhas chun dliteanais a chistiú sa todhchaí ag éirí as roinnt conarthaí seirbhíse. Níl taifead ar an gciste, ina raibh €223,854 ar 31 Lúnasa 2007, i gcuntais na hInstitiúide ná i gcuntais na Cuideachta.

Is mar seo a leanas torthaí airgeadais na Cuideachta don bhliain dar críoch 30 meitheamh 2007:

	€
Ioncam	3,154,711
Caiteachas	3,162,233
Barrachas	(7,522)
Glansócmhainní	351,264

25. Infheistíochtaí

Is leis an Institiúid 15% de ghnáth-scairchaipiteal En-Force Laboratories Limited. Ba chuideachta champais í an chuideachta darbh teideal Biological and Environmental Services Unit agus bunaíodh í mar fhiontar príobháideach ar 1 Eanáir 2003. Níl an scairsealbhóireacht cuimsithe ag an Institiúid sa Chlár Comhardaithe de bhrí nach measann sí luach na scaireanna a bheith ábhartha.

26. Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

Is comhpháirtíocht é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Seirbhísí Muirí na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus an Roinn Cosanta. Is leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta an talamh ar a bhfuil NMCI tógtha.

Fanann lucht acadúil, teicniúil, riaracháin agus tacaíochta CIT ina bhfostaithe de chuid CIT. Chuir an Roinn Oideachais agus Eolaíochta suim de €221,487 ar fáil le costais fhóntas NMCI a chumhdach don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2007.

27. Ceolscoil Chorcaí

Scartáil an Institiúid foirgneamh le háit a dhéanamh do thionscadal CPP Ceolscoil Chorcaí. Ba é glanluach an fhoirgnimh de réir na leabhar ar dháta na diúscairte ná beagán níos mó ná €2 milliún, agus tá an cailteanas sin léirithe sna ráitis airgeadais.

28. Ionad Mac Léinn agus Foirgneamh Riaracháin (Éileamh)

Tar éis phróiseas idir-réitigh a tharla le linn na tréimhse ó Shamhain 06 go hAibreán 07 thángthas ar chomhaontú leis an gConraitheoir. Mar thoradh air sin, d'foc an Institiúid méid aontaithe i gcomhréiteach ar an éileamh leis an gConraitheoir.

29. Teagmhas Iar-Chlár Comhardaithe

Tá fógra faighte ag an Institiúid maidir le héileamh ón Ailtire maidir le costais bhreise atá tabhaithe ar an Ionad Mac Léinn agus ar na Foirgnimh Riaracháin. Tá an scéal á phlé ag an Institiúid leis an Ailtire. Ní chuimsíonn na ráitis airgeadais soláthar don méid atá á éileamh de bhrí gur deacair an dliteanas, más ann dó, a mheasúnú.

30. Dliteanas Teagmhasach

Tá gearán déanta ag iarrthóir ar phost in CIT leis an mBinse Comhionannais. Déanfaidh an Institiúid an tsaincheist a chosaint. Ní féidir an tionchar airgeadaíochta, más ann dó, ar an Institiúid a mheas.

31. Figiúirí Comparáideacha

Tá coigeartú déanta ar fhigiúirí comparáideacha le bheith de réir athruithe i gcur i láthair na ráiteas airgeadais seo de réir mar ba ghá sin.

32. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar 2 Deireadh Fómhair 2008.

faisnéis eile

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 7.1 Nuacht & Imeachtaí**
- 7.2 Cumann na gCéimithe**
- 7.3 Pointí Teagmhála**

7.1 Nuacht & Imeachtaí

1. Tosaíodh ar úsáid a bhaint as an bhfoirgneamh Ionad Mac Léinn agus Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais nua an bhliain acadúil seo agus cuirfidh sé go mór le saoráidí na hInstitiúide do na mic léinn agus don fhoireann.

Cuimsíonn an tIonad Mac Léinn clós clúdaithe, seomra caidrimh, caifé, mionmhargadh, biúró reprographic, oifigí aontas na mac léinn, ionad leighis agus oifig ghairmeacha. Ar an iomlán tá an foirgneamh suite ar dhá urlár agus é socraithe thart timpeall ar an gclós clúdaithe. Nascann colúnáid soir/siar an bealach isteach sa taobh thiar via lochtán an tseomra chaidrimh ar an gcéad urlár leis an gCiorcal Tosaigh.

Cuimsíonn an Foirgneamh Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais atá suite ar dhá urlár sé chistin teagaisc, dhá chistin táirgeachta, cistin taispeántais, saotharlanna teanga, rangsheomraí, cóiríocht don lucht foirne agus seomraí coimhdeacha.

2. Tá Ionad Glanteicneolaíochta CIT ceaptha le Tacaíocht Theicniúil a chur ar fáil don Local Authority Prevention Demonstration Programme (LAPD) thar na trí bliana a mhairfidh sé. Tugadh níos mó ná €1.2m do sheacht gcinn d'údaráis áitiúla. Déanfaidh na húdaráis rathúla raon tionscnamh a riar trí mheán chlár chuimsithigh áitiúil. Déanfaidh an tIonad Glanteicneolaíochta comhairle agus cabhair a chur ar fáil do na húdaráis sin, an clár a mhaoirsiú agus oiliúint chuí a chur ar fáil.
3. I Meán Fómhair 2006, ainmníodh CIT mar "Institiúid Teicneolaíochta na Bliana" i dTreoir d'Ollscoileanna de chuid an Sunday Times.

Tháinig an gradam sin tar éis an uasghrádaithe ba mhó i stair 230 bliain na hInstitiúide i ngeall ar éagsúlacht a cuid cúrsaí agus timpeallacht an champais aron. Déirigh CIT suas tábla na sraithe go dtí an 9ú háit agus i rátáil sástachta na mac léinn. Tharla sé sin i ngeall ar infheistíocht d'ilmhilliúin euro le feabhas a chur ar phríomhchampas 80-acra na hInstitiúide i mBaile an Easpaig. Tugann an gradam aitheantas freisin dá comhsheasmhacht agus í ar cheann de na hInstitiúidí Teicneolaíochta is fearr toisc líon na mac léinn a ghnóthaíonn gráid arda i ngnó, in innealtóireacht agus in eolaíocht. Ghnóthaigh sí tuillteanas freisin as céimeanna a thabhairt isteach an mhí sin in ailtireacht, bainistíocht acmhainní daonna, eolaíocht loingseoireachta agus suirbhéireacht chainníochta.

Bhí an-ríméad ar an Institiúid an teideal a fháil. Ba chreidiúint é sin don obair a rinne an lucht foirne, na mic léinn agus Uachtaráin Aontas na Mac Léinn le linn na mblianta.

4. Ar 15 Meán Fómhair 2006, rinne an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin Uas.T.D., an searmanas barrchríche ar Cheolscoil Chorcaí ar Cé na hAontachta, Corcaigh, a chosain €60m. Ba é an searmanas sin a chuir críoch le creatlach an fhoirgnimh agus tá aird á tabhairt anois ar an bhfeistiú agus ar an mbailchríochnú inmheánach. Tá an tionscadal, ar Comhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach é, ag dul chun cinn in am agus de réir buiséid agus táthár ag súil go dtiocfaidh na mic léinn isteach sa tsaoirid nua i Meán Fómhair 2007. Tá an tionscadal á fhorbairt ag Hochtief Group agus á thógáil ag John Sisk & Son Ltd. Is iad na hailtírí ná Murray O'Laoire.

5. Sheol CIT a céad chúrsa padchraolta mar chuid de ríomhchlár píolótach faoina mbeidh níos mó mac léinn ag freastal ar léachtaí lasmuigh den seomra ranga. Tá roinnt mac léinn ag déanamh staidéir ag an Roinn Ríomhaireachta ag CIT ag freastal ar a ranganna ar líne seachas taisteal go dtí campas Bhaile an Easpaig. Tá triail á baint as foghlaim ar líne ag institiúidí oideachais eile le blianta fada, ach is é seo an chéad chúrsa dá leithéid in Éirinn.

6. Chuir Ionad Glanteicneolaíochta CIT críoch le déanaí leis an tionscadal cómhaoinithe AE Leonardo da Vinci HAZTRAIN – Clár Oiliúna Bainistíochta ar Dhramhaíl Ghuaiseach. Tionscadal dhá bhliain a bhí ann agus ba é a bhí mar aidhm aige ná Uirlis Shainaitheantais Dramhaíola Guaisí agus ábhair ghaolmhara oiliúna agus treoracha a fhorbairt. Agus é á threorú ag an Ionad Glanteicneolaíochta, chuimsigh HAZTRAIN páirtithe ó: an Ostair, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Phortaingéil, an tSlóibaic, an tSlóibhéin agus an Spáinn (Tír na mBascach).

7. Thug a Mórghachtaí, an Rí Harald V agus an Bhanríon Sonja cuairt ar Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) ar 20 Meán Fómhair 2006 áit ar tugadh turas treoraithe dóibh, ar a n-áirítear an linn mharthanais agus an t-ionsamhlóir loingseoireachta. Shínigh an Stiúrthóir, an Dr Brendan J. Murphy agus Uachtarán Halvor Austenå de chuid Høgskolen 1 Vestfold, an Iorua Meabhrán Tuisceana idir Høgskolen 1 Vestfold agus NMCI maidir le malartú mac léinn agus clár oideachasúil.

D'óstaigh NMCI Comhdháil Idirnáisiúnta – "Maritime Governance – Our Legacy" áit ar thug A Mhórgacht, an Rí Harald V an tAitheasc Oscailte. Ar na páipéir a cuireadh i láthair bhí "Climate and Environmental Change in the Arctic" le Lasse Pettersson ó Ionad Cianbhraite Comhshaoil Nansen agus "Maritime Education, the Future" arbh comhláithreoireacht é de chuid Dáire Brunnicardi Uas agus an Lt Ceann. Brian Fitzgerald ó NMCI.

8. Reáchtáil an Roinn Cuntasaíochta agus Córas Faisnéise de chuid CIT dhá Sheimineár Cuntasaíochta. Reáchtáladh seimineár dhá uair an chloig "Applying to the Big 4" ar 20 Meán Fómhair. Ba chéimithe de chuid CIT iad triúr den cheathrar cainteoirí, agus ba bhall d'fhoireann na Roinne Gairmeacha agus Comhairleoireachta an ceathrú cainteoir. Reáchtáladh an dara seimineár "Working in the Big 4" ar 25 Meán Fómhair. Seimineár aon uair an chloig a bhí ann agus ba chéimithe de chuid CIT iad an bheirt cainteoirí.
- Mic léinn na 3ú agus 4ú bliana Gnó agus léachtóirí de chuid CIT ba mhó a bhí sa lucht éisteachta. I ngeall ar a fheabhas agus a chruthaigh sé tá tuilleadh seimineár á n-eagrú don chuid eile den bhliain.
9. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile na Scoileanna Gnó agus Eolaíochta ar siúl ar 13 Deireadh Fómhair 2006. Trí sheisiún bhronnta a bhí ann agus fuair 928 mac léinn san iomlán a gcuid pár.
10. Ar 17 Deireadh Fómhair, thug Tom Ryan Uas., Príomhoifigeach Réigiún an Deiscirt de chuid FSS seimineár ag Amharclann na hInstitiúide dar teideal "The Challenge of Providing State Services for Asylum Seekers, Refugees and Ethnic Minorities". Bhí slua mór de beagnach 110 duine i láthair agus an Comhordaitheoir Gnó agus Daonnachtaí, Damien Courtney Uas. agus Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta agus Ginearálta, Jim Walsh Uas. san áireamh.
11. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile na Scoileanna Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta, na hInnealtóireachta Meicniúla & Próiseas, na hInnealtóireachta Leictrí & Leictreonaice agus na Roinne Oideachais Leantaigh ar siúl ar 20 Deireadh Fómhair 2006. Ceithre sheisiún bronnta a bhí ann agus fuair 1,155 mac léinn san iomlán a gcuid pár.
12. Bhí dámhachtainí na bPrintíseach Feisteora do 2005/06 ar siúl in CIT ar 26 Deireadh Fómhair 2006. Tugadh duais don Phrintíseach Feisteora ab fhearr i ngach ábhar don bhliain acadúil agus don Phrintíseach ab fhearr ar fad agus dá fhostóir.
13. Seoladh ArtsFest 2006 go hoifigiúil ar 1 Samhain 2006 san Ionad Mac Léinn. D'oscail Ard-Mhéara Ró-Onórach Chorcaí, an Comh. Michael Aherne go hoifigiúil í.
14. Ar 5 Samhain, tharla ócáid thábhachtach nuair a bhuaigh CIT an Dara Craobh Seoltóireachta an Oirthir agus an Iarthair de chuid Ollscoileanna na hÉireann. Agus iad ag rásaíocht i nGaillimh, chuir CIT a seaniomaitheoirí Coláiste na hOllscoile, Corcaigh amach as an iomaíocht i dtír rás leathcheannais agus chuaigh ar aghaidh le troid a chur ar Ollscoil Luimnigh sa rás ceannais. Bhí an ceann ab fhearr de cheannas cúig rás ag brath ar an rás deiridh. Gan ach orlaí acu ón líne bhuaigh CIT an rás agus ghnóthaigh ceannas an Iarthair.
- I nDeireadh Fómhair, thaistil dhá fhoireann go dtí Club Seoltóireachta Chill Mhantáin le dul san iomaíocht i gCraobhchomórtas an Oirthir. I dtús báire, bhuaigh CIT ar Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath sa bhabhta leathcheannais agus chuaigh ar aghaidh chun iomaíochta in aghaidh a seaniomaitheoirí baile, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Bhí gach rud ag brath ar an rás deiridh den rás ab fhearr de chúig rás. Bhí sé cinnte tar éis an chéad rás go dtabharfadh CIT Craobh an Oirthir abhaile leo. Tar éis do bhaill nua teacht isteach tá ardmhianach á bhaint amach ag an bhfoireann ceana féin agus ba é sin ba chúis leis an difríocht nuair a tháinig an brú.
15. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile Cheolscoil Chorcaí ar siúl ar 6 Samhain 2006. Fuair 124 mac léinn san iomlán a gcuid pár.
16. Chuaigh an Capt. John Clarence, ceann nua Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann, i mbun a chuid dualgas ar 6 Samhain 2006.
17. Ghnóthaigh an foirgneamh nua in CIT an duais don "Best International Project" ag searmanas bronnta an Brick Development Association i gCearnóg Grosvenor i Londain ar 8 Samhain 2006. Dúirt na breithiúna go raibh a gcuairt mar a bheadh i líníocht de chuid Piransei agus thuar siad go mbeadh siad ar na foirgnimh is tábhachtaí sa luath 21ú haois.
18. Reáchtáil an Roinn DEIS comhdháil dar teideal "Community Work Practice-Supervision and Accreditation" ar 10 Samhain 2006. D'oscail an Clárítheoir an Chomhdháil agus tháinig na rannpháirtithe ó Barcelona, ó Rennes, ón Aithin, ón mBulgáir agus ón nGearmáin.
19. Mar chuid den tSraithléachtaí Cuirte, thug an tIriseoir agus Craoltóir de chuid an Irish Times, Mary Raftery Uas., caint in Amhraclann na hInstitiúide ar 13 Samhain 2006. Labhair sí faoin gcaoi ar loic an córas i Sochaí na hÉireann san am atá caite maidir le mí-úsáid páistí i scoileanna tionsclaíocha agus i ndílleachtlanna státurraithe, a bhíodh á riar den chuid ba mhó ag oird rialta.
20. Bhí an ImechE Evening Lecture and Awards Presentation ar siúl ar 14 Samhain 2006. Thug an Dr Keith Mullan, Stiúrthóir an Ionad Forbartha Innill in CIT léacht ar "Autosport Engine Development and Tuning".
21. Ar 18 Samhain 2006, d'óstaigh CIT an 20ú Comhdháil de chuid Chumann na Múinteoirí Staidéar Gnó dar teideal "Planning for the Future: Today's Business World". Tháinig toscairí ó gach aird den tír le bheith i láthair agus le straitéis a phlé le haghaidh pleanála ábhar agus modheolaíochtaí nua foghlama. D'oscail Micheál Martin Uas., T.D., Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an chomhdháil.
22. Sheol CIT ionad nua taighde ar chórais leabaithe ríomhaire ina campas i mBaile an Easpaig. Is é an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin Uas. T.D. a sheol go hoifigiúil é ar 20 Samhain 2006. Fuair an tIonad maoiniú de €1.25m ó Enterprise Ireland faoina gclár Feabhsúchán Taighde Fheidhmhígh.

23. Reáchtáil Oifig Thaighde CIT ceardlann in Strategic and Industry-led Research CIT ar 20 Samhain 2006 in Ionad Mac Léinn CIT. Bhí fáilte sa Cheardlann roimh gach duine a bhí gníomhach i gcúrsaí taighde nó a mbeadh spéis acu bheith bainteach le gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha.
24. Rinne líon mac léinn agus tuismitheoirí níos mó ná riamh freastal ar Lá Oscailte CIT ag Campas Bhaile an Easpaig de chuid na hInstitiúide ar 25 Samhain 2006.
- In éineacht leis an Lá Oscailte, d'óstaigh Roinn na Meán Cumarsáide Imeacht Idirnáisiúnta Meán. Taispeánadh obair a bhí déanta ag mic léinn de chuid chúrsaí dearaidh agus ilmheán na Roinne chomh maith le saothar de chuid na hOllscoile páirtnéireachta sa Ghearmáin – Hochschule Darmstadt. Ba é sin an chéad uair a taispeánadh comhléiriú a raibh mar thoradh air taispeántas drámata, éagsúil agus spreagúil.
25. Rinne an Stiúrthóir freastal ar an Síniú Meabhráin Tuisceana idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus an Tyndall National Institute (Institiúid laistigh de Choláiste Ollscoile Chorcaí) ar 27 Samhain 2006. Osclaíonn an comhaontas na bealaí cumarsáide idir an dá institiúid chomh maith le comhoibriú a chumasú in oideachas tríú agus ceathrú leibhéal, taighde agus teacht i dtír ar thorthaí ó thaighde.
26. Bhronn laoch rothaíochta na hÉireann Seán Kelly na Sparánachtaí agus na Scoláireachtaí bliantúla Spóirt. Bhí an ócáid, atá anois ina naoú bliain, ar siúl ar 29 Samhain 2006. Bronnadh 55 Sparánacht CIT san iomlán, 4 Scoláireacht de chuid Chomhairle na Mumhan de CLCG agus tugadh isteach Sparánachtaí nua de chuid 6 Highfield Rugby Academy. Bhí ionadaíocht leathan spóirt ann, ó CLCG go cispheil, hacaí, rothaíocht, galf, sacar, rugbaí, lúthchleasaíocht, seoltóireacht, taewondo, snámh, karate agus cairtíneacht.
- Cuireadh tús leis an scéim Sparánachtaí agus Scoláireachtaí chun éachtaí lúthchleasaithe óga CIT a aibhsiú. Táthar ag súil go spreagfaidh an t-aitheantas iad le traenáil a dhéanamh ag na leibhéil is gá agus a ndícheall a dhéanamh an dearscnaitheacht a bhaint amach ina rogha spóirt agus go mbeidh sé ina ábhar spreagtha do mhic léinn chun leanúint dá staidéar acadúil agus a n-acmhainneacht iomlán a bhaint amach.
27. Léiríodh forbairt leantach chlár na Roinne Meán Cumarsáide BA (Onóracha) in Ilmheáin ar 30 Samhain 2006 leis an gcéad bhronnadh dámhachtaine ar mhic léinn de chuid na hOllscoile Feidhmí, Hochschule Darmstadt sa Ghearmáin. Bhain tábhacht ar leith leis an searmanas sin de bhrí gur bronnadh Dámhachtain Éireannach ar an gcéad chóhort de mhic léinn Ghearmánacha agus ba iad sin freisin an chéad dream a fuair an Chomh-Dámhachtain atá creidiúnaithe ag HETAC agus ag Hochschule Darmstadt i gcomhar le CIT. B'fhéidir an Chomh-Dámhachtain seo a bheith ann i ngeall ar shíniú Chomhaontachta idir CIT agus Hochschule Darmstadt mí an Mheithimh seo caite agus is céim thábhachtach chun cinn é don chomhpháirtíocht oideachasúil nuálach agus spreagúil seo.
28. Fuair Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) maoiniú ón Eoraip le haghaidh roinnt tionscadal a chuirfidh le hOideachas Muirí in Éirinn i réimse na Bainistíochta Éigeandála.
29. Bhí Tráthnóna Bliantúil do Thuismitheoirí de chuid CIT ar siúl ar 30 Samhain 2006 agus ba sheisiún eolasach é ar shaincheisteanna ábhartha do thuismitheoirí mac léinn Ardteistiméireachta ar a n-áirítear iarratais LOI chomh maith le léiriú ar na cúrsaí lánaimseartha atá ar fáil.
30. Tá roghnaithe ag an National Education and Careers Focus Magazine – Education don dara bliain as a chéile an clúdach céad leathanaigh agus an príomhthá dhá leathanach ina n-eagrán reatha d'Eanáir 2007 (Imleabhar 19 Eagrán 4) a thiomnú do na héachtaí suntasacha idirnáisiúnta agus náisiúnta de chuid mhac léinn na Céime Innealtóireachta Meicniúla ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.
31. Rinneadh an síniú ar an gComhaontú COC/HETAC le haghaidh fhaomhadh agus dámhachtain na comhdhámhachtaine Máistir Eolaíochta in Eolaíocht Bhithleighis in Oifig an Uachtaráin, COC ar 19 Eanáir 2007.
- Is idir Coláiste Ollscoile Chorcaí, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann agus an Chomhairle Dámhachtainí Ard-Oideachais agus Oiliúna (HETAC) atá an comhaontú seo faoina gcomhaontaíonn an Ollscoil agus an Chomhairle le haghaidh fhaomhadh agus dámhachtain na comhdhámhachtaine Máistir Eolaíochta in Eolaíocht Bhithleighis. Shínigh an tOllamh Gerard Wrixon, Uachtarán COC agus Séamus Puirseil Uas., Príomhfheidhmeannach HETAC, an comhaontú agus tiocfaidh sé i bhfeidhm ó 1 Meán Fómhair 2006. Nótáil an comhaontú gur bhunaigh COC agus CIT Comhaontú Cuibhreannais ar 10 Iúil 2006 chun críocha soláthar agus seachadadh na Comhdhámhachtaine Máistir Eolaíochta in Eolaíocht Bhithleighis.
32. Bhí an Bronnadh Bliantúil Duaiseanna le haghaidh Dámh na hInnealtóireachta ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí ar siúl ar 22 Eanáir 2007. Tugadh aitheantas d'fhaighteoirí as an ocht roinn atá i nDámh na hInnealtóireachta as éachtaí as an ngnách ina réimse agus roghnaíodh iad mar an dream is éachtaí ina gcatagóir i ngach ceann de na hocht roinn.
33. Sheol an Stiúrthóir Seimineáir ar Fheasacht ar Mhíchumas don lucht foirne ar 22 Eanáir 2007 san Ionad Mac Léinn. An tOifigeach Iontrálacha (Míchumas) a d'eagraigh na seimineáir agus beidh siad ar siúl ó Eanáir – Márta 2007.
34. D'eagraigh Seirbhís Ghairmeacha agus Comhairleoireachta na hInstitiúide an dara hAonach Gairmeacha de chuid CIT agus bhí sé ar siúl in Ionad na Mac Léinn ar 24 Eanáir 2007. Tá an-éileamh i gcónaí ag tionscal ar chéimithe Eolaíochta, Innealtóireachta agus Ríomhaireachta. Rinne breis agus 50 de na cuideachtaí is mó le rá ó earnálacha éagsúla freastal agus is comhartha dearfach é sin ar an margadh reatha jabanna agus dea-thuar do chéimithe sa todhchaí.

35. Mar chuid den tsraith léachtaí cuairte, bhí an léacht cuairte ón gcainteoir leathdhéanach ar siúl ag CIT ar 30 Eanáir 2007. Ba é an cainteoir clúiteach ar an ócáid sin ná an tOllamh Brian Nolan ón Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Ba é a ábhar cainte ná “an fhadhb shóisialta a bhaineann le bochtaineacht páistí in Éirinn”. Tá an tOllamh ar dhuine de na taighdeoirí eacnamaíochta agus sóisialta is iomráití agus is bisiúla in Éirinn agus san Aontas Eorpach níos forleithne.
36. Thug Painéal Creidiúnaithe Innealtóirí Éireann cuairt ar 20 agus 31 Eanáir 2007. Ba é ba chuspóir lena gcuart ná gach clár Leibhéal 6 agus Leibhéal 7 laistigh de Dhámh na hInnealtóireachta a scrúdú agus a athchreidiúnú.
- Mhol an Painéal athchreidiúnú do gach clár Leibhéal 6 agus Leibhéal 7 de chuid Dámh na hInnealtóireachta.
37. Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le héifeacht ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua na ceithre cinn déag d’Institiúidí Teicneolaíochta, ar a n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí seo, ní raibh freagracht as maoiniú ar an ÚAO ach i leith seacht gcinn d’ollscoileanna agus roinnt institiúidí ainmnithe níos lú.
- Is cloch mhíle stairiúil é tosú na reachtaíochta sin don chóras ardoideachais in Éirinn. Is céim mhór eile é i bhforbairt na nInstitiúidí Teicneolaíochta mar sholáthraithe tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfóchéim ar aghaidh go dtí leibhéal na dochtúireachta.
38. Cheap an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Mary Hanafin Uas., T.D., baill nua ÚAO ar 1 Feabhra 2009.
- Tá Iar-Stiúrthóir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí athcheaptha. Beidh an t-eolas agus an tuiscint atá aige faoi earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta ina bhuntáiste mór don ÚAO.
39. Bhí Bronnadh Dámhachtainí FETAC (Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais) ar siúl san Ionad Mac Léinn ar 5 Feabhra 2007.
40. Bhí Dinnéar traidisiúnta bliantúil an Ardmhéara ar siúl ar 8 Feabhra 2007 sa bhialann nua oiliúna sa Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais.
- Is é an aidhm a bhíonn leis an imeacht seo ná na hidirghníomhaíochtaí iomadúla idir an Institiúid, an Chomhairle Cathrach agus an Chomhairle Contae a chothú agus a éascú tríd an Ardmhéara, an Bainisteoir Cathrach, an Bainisteoir Contae, Cathaoirleach agus Stiúrthóir na hInstitiúide agus feidhmeannaigh arda ón gComhairle Cathrach, ón gComhairle Contae agus ón Institiúid a thabhairt le chéile. Tugann sé deis freisin roinnt eochairdhaoine eile a mbaineann tábhacht leo do CIT agus don Chomhairle Cathrach araon a thabhairt le chéile.
41. Ar 15 Feabhra 2007, bronnadh céimeanna ar 29 mac léinn ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann i Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí.
42. Ag searmanas bronnta na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí a cáillíodh le déanaí, bronnadh duaiseanna ar bheirt mhac léinn as na marcanna is airde in Éirinn a fháil ina scrúduithe. Fuair Colette Kelleher na marcanna is airde in Ardchánachas i bpáipéar na bliana deiridh agus fuair David Tyrell na marcanna is airde i dTeicneolaíocht na Faisnéise ag Formation 2. Reáchtáladh an searmanas duaiseanna sa Cheoláras Náisiúnta, Baile Átha Cliath. Ceiliúradh faoi thrí a bhí ann do CIT toisc gur bronnadh Goldstar Approved Educator Status Award ar an Roinn Oideachais Leantaigh. Thug Institiúid na gCuntasóirí Deimhnithe Poiblí an duais don Roinn mar aitheantas as dearscnaitheacht i gCuntasáíocht, in Oideachas, i dTacaíocht don Staidéar agus Saoráidí.
43. Ghlac an Stiúrthóir le cuireadh ó Ardmhéara Chorcaí, an Comh. Michael Aherne agus Comhairle Cathrach Chorcaí freastal ar Fháilte Chathrach chun gradam a bhronnadh ar éachtaí na Roinne Staidéar Gnó ag CIT i Seomraí na Comhairle, Halla na Cathrach, Corcaigh ar 20 Feabhra 2007.
44. Tá portfhóilió mór de bhunachair sonraí ar líne ag Leabharlann CIT atá ag dul i méid i gcónaí. Comhlánaíonn na bunachair sonraí seo speictream iomlán na gcúrsaí atá á múineadh faoi láthair ar fud na hInstitiúide. Tá na bunachair sonraí seo go léir i dteannta éagsúlacht acmhainní foghlama eile ar fáil via leathanach baile leabharlann CIT ag <http://library.cit.ie> agus insroichte via ríomhaire líonraithe ar bith ar fud an choláiste. Tá siad ar fáil do mhic léinn agus do lucht foirne CIT lasmuigh den champas trí mheán fíoraithe bharrachóid agus uap (pin).
- Is bealach gasta agus éifeachtach iad bunachair sonraí leictreonacha chun ábhair fhoilsithe ar ábhar tugtha ar bith a aimsiú. De bhrí gur furasta iad a úsáid agus go gcuimsíonn siad doiciméadú iomlán téacs go minic, is foinse phríomhúil faisnéise anois iad do chuid mhaith taighdeoirí. Tá formhór mór ár mbunachair sonraí táillebhunaithe, rud a thugann ráthaíocht ar ardacmhainneacht chuardaigh chomh maith le hábhar piara-athbhreithnithe.
45. Bhí an 5ú Duais don Nuálaíocht de chuid CIT ar siúl in Ionad na Mac Léinn ar 2 Márta 2007. Chuir fiontraithe a gcuid gnólachtaí ar taispeáint le linn an taispeántais agus bronnadh €5,000 ar na hiontrálacha buacha. Is scéim é seo a bhronnann duaiseanna airgid orthu sin a meastar a gcuid aireagán agus smaointe gnó a bheith ar na cinn is cruthaithí, is nua, is nuálaí, agus is dóchúla go n-éireodh leo in áit an mhargaidh.
46. An bhliain acadúil seo tugadh isteach an Industry Advisory Panel Graphic Design Award sa chlár BA i nDearadh Cumarsáide. Tá an comórtas seo ceaptha le coimrí tionscail-cliaint a chur ar a súile do mhic léinn chun an chruthaitheacht a spreagadh agus a chothú chomh maith leis na scileanna cur i láthair físe-bhéil is gá i nDearadh Grafach laistigh de na srianta a bhaineann le spriocanna dochta.

47. Agus breis agus 8,000 mac léinn agus lucht foirne i láthair in CIT go laethúil, chuaigh Aontas na Mac Léinn i mbun tasc ollmhóir chun Seachtain na Sábháilteachta a eagrú agus a chur i bhfeidhm i Márta 2007. Agus líon mór básanna in aghaidh na bliana i measc an raon 17-25 bliain d'aois, tháinig an déimeagrafach seo isteach go díreach le hinstiúid tríú leibhéal. Is ábhar imní é sin a bhfuil aird tarraingthe air ag Craobh Chorcaí den Rotary Association agus tá sé i gceist go rachadh Seachtain na Sábháilteachta phiólótach seo ar aghaidh mar thionscadal náisiúnta ar Shábháilteacht ar an mBóthar i gcoláistí tríú leibhéal eile. D'aibhsigh an tAontas saincheisteanna amhail Sábháilteacht a bhaineann leis na Bóithre, le Dóiteáin, Uisce agus Sábháilteacht Phearsanta. Bhí an tseachtain tiomanta do chuimhne ar Vivian Foley, nach maireann, iarléachtóir ag CIT agus údar "How safe is your Car?".
48. Ar 14 Márta 2007, thug roinnt cuairteoirí Meiriceánacha ó Johnson & Johnson cuairt ar an Instiúid mar chuid dá gcuart ar Chorcaigh chun athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár "Access to Education – Bridge to Employment" a ndearna Johnson & Johnson maoiniú air. Bhí roinnt toscairí ardchumhachtacha ann ar a n-áirítear an Leas-Uachtarán agus Stiúrthóir Síntiús Corparáideach Johnson & Johnson.
49. Chuir an Oifig Rochtana in CIT, i gcomhairle le hOifigeach Ealaíon CIT, tús le Clár Ealaíne agus Ceoil do dhaltaí na hIdirbhliana i Scoileanna Ainmnithe faoi Mhíbhuntáiste. Ba é ba aidhm leis an gclár ná caidreamh láidir a chruthú leis na scoileanna ainmnithe faoi mhíbhuntáiste i gCorcaigh chun leibhéal na feasachta ar thábhacht an oideachais thríú leibhéal a ardú i measc na mac léinn ó na scoileanna sin.
50. Bhí Iubhaile Órga an Chomórtais Náisiúnta Scileanna ar siúl in CIT ar 23 Márta 2007. I láthair bhí Leasmhéara Chorcaí, an Comh. Ciarán Lynch, Micheál Martin Uas., T.D., Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Leasmhéara Chontae Chorcaí, an Comh. Derry Canty.
51. Tá roinnt ball foirne le cuairteanna léachtóireachta a thabhairt ar instiúidí comhpháirtíochta Erasmus le linn théarmaí an earraigh agus an tsamhraidh. Tabharfaidh léachtóirí ó na ranna Bainistíochta & Margaiochta, Cuntasaíochta & Córas Faisnéise, Foirgníochta & Ailtreachta, Innealtóireachta Leictreonaice, Ríomhaireachta, Ealaíne agus Dearaidh, na Meán Cumarsáide agus NMCI cuairt ar na hinstiúidí seo a leanas:
- Ollscoil Theicniúil na Seice in Prág
 - Ollscoil Helsinki
 - Instiúid Teicneolaíochta Wrocław
 - Hochschule Darmstadt
 - Ollscoil Mhuirí Gydna
 - Ollscoil Wien
52. Le déanaí shínigh CIT comhaontuithe déthaobhacha Erasmus chun cabhrú le malartuithe mac léinn agus lucht foirne leis na hinstiúidí seo a leanas:
- Fachhochschule Munich, an Ghearmáin
 - Gedved Seminarium, Vitus, Bering, an Danmhairg
 - Université Savoie, IUT D'Annecy, an Fhrainc
 - Acadamh Muirí Kalmar, an tSualainn
 - Ollscoil Oideolaíoch Vilnius, an Lituáin
 - Ecole Supérieure en Travail Educatif et Social – ESTES, Strasbourg
 - Institut Supérieur d'Electronique de Paris, ISEP, an Fhrainc
53. Thug an Painéal Breithiúna ón Royal Institute of British Architects (RIBA) Awards cuairt ar an Instiúid ar 30 Márta 2007. Tá an Instiúid ainmnithe don duais "European Building of the Year" i ngeall ar thrí fhoirgneamh nua – Ionad na Mac Léinn, An Foirgneamh Riaracháin agus An Foirgneamh Turasóireachta & Fáilteachais.
54. Ar 27 Márta 2007, bhí Duaiseanna Chumainn agus Gníomhaíochtaí Bliantúla CIT ar siúl san Oriol House Hotel. Bronnadh aon duais déag – 5 grúpa agus 6 aonair. Ba é an Stiúrthóir, an Dr Brendan J. Murphy a bhronn na Teastais Fiúntais agus ba é Brendan Goggin, Cláraitheoir CIT an Fear a'Tí ag na searmanais don tráthnóna. Bhí Martin King (TV3 agus Today FM) ina aoi onórach.
55. Thug an ceimicí Briotanach cáiliúil, an Dr Mary Archer, cuairt ar CIT ar 25 Aibreán 2007 nuair a thug sí eochairléacht ar an téama "Chemistry for the Good Life". Agus é arna óstú ag an Roinn Eolaíochta, shonraigh an léacht gur bronnadh an Institute of Chemistry of Ireland Annual Award for Chemistry 2007 ar an Dr Archer agus bhí CIT ar cheann de roinnt instiúidí ar fud na hÉireann a d'óstáigh an chaint.
56. Tá cuspóir fadtéarmach curtha i gcrích ag CIT trí Chomhairle Spóirt a bheith curtha le chéile, agus an bhallraíocht ag teacht ó na mic léinn, ón lucht foirne agus ón Oifig Spóirt. Is é a misean foriomlán ná "go gcuirfidh CIT na saoráidí spóirt is fearr in Éirinn ar fáil do na mic léinn agus don lucht foirne".
57. In Aibreán 2007, d'fhoilsigh an Stiúrthóir, an Dr Brendan J. Murphy, staidpháipéar ar chur i bhfeidhm an mhodúlaithe agus an tseimeastraithe ag CIT. Cuireann an staidpháipéar síos go mion ar fhís an Stiúrthóra don Instiúid agus ar an gcóras modúlaithe.

58. Bhailigh mic léinn CIT cuid mhaith airgid le haghaidh cúiseanna maithe éagsúla atá bunaithe go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta ag imeachtaí a bhí eagraithe ar feadh na bliana acadúla 2006/07. Is iad seo a leanas na carthanais a ndearna an t-airgead maith dóibh:
- Aid Cancer Treatment
 - Junior Infant Pupil (ANON)
 - SUAS
 - Parents/Families and Friends of St Patrick's
 - The Irish Pilgrimage Trust
 - Hope Foundation
 - Enable Ireland
 - DEBRA Ireland
 - Christmas Day-CIT
59. D'óstaigh Roinn na hInnealtóireachta Leictreonaice a Lá Oscailte Bliantúil ar 4 Bealtaine 2007 ó 4.00 pm go 8.00 pm ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Ba é ba chuspóir leis ná Obair Thionscadail na Bliana Deiridh a bhí curtha i gcrích ag mic léinn na bliana deiridh den chlár Céime Onóracha a chur ar taispeánt. Bhí cead ag an bpobal freastal agus ba dheis iontach é do lucht earcaíochta tionscail agus do mhic leinn ionchasacha sa todhchaí bualadh le mic léinn na bliana deiridh Innealtóireachta Leictreonaice reatha agus eolas a fháil faoina gcuid ionchas agus a sainréimsí sonracha.
60. Thug Cumann na Suirbhéirí Cairte (SCS) cuairt ar an Institiúid chun an BSc (Onóracha) i Suirbhéireacht Chainníochta a mheasúnú chun críocha creidiúnaithe. D'éirigh go maith leis an gcuart. Tá creidiúnú faighte ag an Institiúid le haghaidh céimithe ón gclár don tréimhse 2007 go 2009 agus cuireann sé sin an Institiúid ar chomhchém anois sa disciplín le LIT agus DIT.
61. Tharla an Síniú Conartha le haghaidh sholáthar agus chothabháil Chóras Faisnéise agus Closamhairc do Tionscadal CPP Cheolscoil Chorcaí idir Hochtief Facility Management Ireland agus Apple Ireland i Leabharlann Cheolscoil nua Chorcaí ar 11 Bealtaine 2007 ag 12.00 meánlae. Bhí an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, Micheál Martin Uas, T.D., i láthair ag an síniú.
62. Tar éis machnamh a dhéanamh ag na comhlachtaí faoi seach HETAC agus AQAS, tá na comhchláir (BA Meán Digiteach, BA Ilmheán (Onóracha), MA Stiúradh Meán, MA Dearadh Meán) de chuid Hochschule Darmstadt agus Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí bailíoctaithe. Is leiríú maith é sin ar ár gcomhoibriú Eorpach lenár gcomhghleacaithe measúla ó Darmstadt.
63. Bhí CIT ar liosta na n-iarratasóirí rathúla a chuir isteach ar Chairt Ollscoile Erasmus a fháil faoin nGlaoch ar Mholtaí don Bhliain Roghnóireachta 2007 don Chlár Foghlama Fadsaoil.
64. Bhí an 3ú Taispeántas Céime de chuid Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford ar siúl ó 12 Meitheamh go 15 Meitheamh sa Tramway Power Station ar Shráid Caroilín. Is taispeántas é sin de bhuanna nua ealaíne na cathrach agus léiríonn sé an raon ón bpéintéireacht thraidisiúnta, grianghrafadóireacht agus dealbhóireacht go suiteáil, ilmheáin agus obair fhíseánbhunaithe.
65. Bhí an Cathaoirleach agus an Stiúrthóir i láthair ag Searmanas Bronnta NMCI a bhí ar siúl ar 18 Meitheamh 2007 ag 3.00 pm sa NMCI. Bhain an bronnadh sin leis an gcóhórt déanach mac léinn a thosaigh i gcampas Bhaile an Easpaig agus a bhí mar chuid den aistriú go dtí na saoráidí nua in NMCI.
66. Bhí an Stiúrthóir i láthair ag na Duaiseanna RIBA i Londain ar 22 Meitheamh 2007. Fuair an tAiltire Shane de Blacam agus CIT an Duais Ardghradamach Eorpach mar aitheantas as na trí fhoirgneamh, Ionad na Mac Léinn, an Foirgneamh Turasóireachta & Fáilteachais agus an tIonad Riaracháin. Bhí an Stiúrthóir ann ar son na hInstitiúide.
67. Rinneadh Taispeántas Céime Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford 2007 a oscailt ar 22 Meitheamh 2007. Léiríonn an 15ú Taispeántas Céime buanna ealaíne mhic léinn na bliana deiridh agus bhí sé ar siúl go dtí an Aoine 29 Meitheamh 2007.
- Rinne an RIA measúnú ar na hiontrálacha do Dhuaiséanna Ailtireachta na hÉireann 2007 agus roghnaíodh tionscadal CIT "Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí, Forbairt an Champais Thuaidh" le haghaidh Taispeántais agus ghnóthaigh sé an "Duais don Fhoirgneamh Oideachasúil is Fearr". Bronnadh Teastas Taispeántais ar an ailtire, Shane de Blacam Uas., ag fógairt oifigiúil na dtorthaí agus oscailt an taispeántais. Bhí an taispeántas ar siúl ó 26 Meitheamh go 27 Iúil 2007 san Architecture Gallery, RIA, Baile Átha Cliath ó 9.00 pm – 5.00 pm, Luan go hAoine.
69. Ar iarratas ón mBord Rialaithe, agus faoi mar a fhorálar faoi Alt 10(a) den Acht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006, d'fhaomh an tAire Oideachais agus Eolaíochta úsáid an teidil "Uachtarán" mar chur síos ar phost Phríomhoifigeach CIT ar 9 Lúnasa 2007.

7.2 Cumann na gCéimithe

Cuireann Cumann na gCéimithe (Alumni Association) ar chumas céimithe teagmháil a choinneáil le forbairtí ag CIT and teagmhálacha a choinneáil le cairde, páirtithe ranga agus baill foirne dáimhe ó na laethanta sa choláiste. Is é atá mar phríomhaidhm ag an gCumann ná gréasán gairmiúil agus sóisialta a chur ar fáil a rachaidh chun leasa do chéimithe CIT agus don Institiúid.

Buntáistí agus Seirbhísí Ballraíochta

- cárta creidmheasa fialais uathúil
- cabhair chun athaontuithe a eagrú
- lascainí ar sheirbhísí
- an Learning City Magazine
- faisnéis ghinearálta faoi ghairmeacha, scileanna agallaimh agus forbairt CV do chéimithe déanacha (do chéimithe sa chéad bhliain amuigh)
- rochtain ar shaoráidí CIT (ballraíocht leabharlainne san áireamh)
- cuirí chuig imeachtaí éagsúla
- rochtain ar chraobhacha ar fud an domhain agus réigiúnacha den Chumann

Tá Coiste an Alumni Association sa dara bliain dá chuid agus cuimsíonn sé céimithe agus baill foirne atá tiomanta do fhreastal ar an gCoiste CITAA ar feadh tréimhse dhá bhliain le comhairle a chur ar an gCumann agus ar an Institiúid maidir le conas caidreamh a dhéanamh lenár gcuid Céimithe agus chun an Cumann a fhorbairt tuilleadh.

Athaontuithe

- Rang Innealtóireachta Leictreonaice de chuid 1999/2000 – athaontú 5 bliana
- Rang Innealtóireachta Ceimicí de chuid 1985 agus 1995
- Iubhaile Órga – Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

Chuimsigh na himeachtaí teacht le chéile neamhfhoirmiúil ag an Rochestown Park Hotel ar 5 Bealtaine 2007. Ar an Satharn 6 Bealtaine, bhí turas treoraithe ar siúl ag Coláiste úrscothach Náisiúnta Mara na hÉireann agus taispeántas “dearc ar an am atá caite” agus dinnéar an athaontaithe ag an Rochestown Park Hotel an tráthnóna sin. Bhí an-tráthnóna ag breis agus 370 céimí agus aoi.

Caint ar Ghairmeacha

Reáchtáil an Roinn Ríomhaireachta Caint ar Ghairmeacha ar 1 Bealtaine 2007 ó 6pm – 8pm in Amharclann an Choláiste. Ba iad na cainteoirí Donagh Kiernan, John McDermott, Alan McGibney agus Donna Griffin.

Bhain Donagh Kiernan céim amach ón Roinn Ríomhaireachta in 1989 le BSc (Feidhmeanna Ríomhaire) agus is Cathaoirleach é ar Chumann Céimithe CIT. Faoi láthair is Príomhfheidhmeannach é Donagh ar Mairdsfield Business Development.

Tá John McDermott ag obair faoi láthair in Motorola, Bhain sé céim amach sa Ríomhaireacht in 1991.

Tá Donna Griffin agus Alan McGibney ag cur PhD i gcrích sa Roinn Leictreonaice (Grúpa Taighde ar Chórais Oiriúnaitheacha gan Sreang), tar éis céim a bhaint amach in 2002 sa Ríomhaireacht.

Ní raibh gantanas ar bith ceisteanna ón gcruinniú a raibh go leor i láthair air; measadh gur éirigh go hiontach leis an tráthnóna.

7.3 Pointí Teagmhála

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Gréasán: www.cit.ie

CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

Seoladh

Baile an Easpaig
Corcaigh

Teileafón

(021) 4326100

Faics

(021) 4545343

CEOLSCOIL CHORCAÍ

Seoladh

Cé an hAontachta
Corcaigh

Teileafón

(021) 4270076

Faics

(021) 4276595

COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD

Seoladh

Sráid Sharman Crawford
Corcaigh

Teileafón

(021) 4966777

Faics

(021) 4962267

COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA hÉIREANN

Seoladh

Rinn an Scidígh
Co Chorcaí

Teileafón

(021) 4970600

Faics

(021) 4970601

Gréasán

www.nmci.ie



Foilsithe ag: Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire.
©Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Meitheamh 2009

Tiomsaithe ag Foireann Oifig an Uachtaráin

Tabhair faoi deara:

Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá cuimsithe anseo cruinn. Ní ghlacann an Institiúid freagracht as dliteanas ar bith i ngeall ar aon earráid atá ann.



Dearadh agus Leagan Amach:
Raven Design, Corcaigh

Aistritheoir: Niall Ó Murchadha